An Roinn Oideachais
Department of Education

# Freastal a dhéanamh ar Riachtanais Bhreise Teanga:

## Cuir Chuige Scoile Uile agus Ranga i dtaca le Foghlaim Ionchuimsitheach Teangacha

Torthaí ó Chigireachtaí Bunscoile agus Iar-bhunscoile ar an mBéarla mar Theanga Bhreise

**Feabhra 2024**

Cigireacht na Roinne Oideachais
gov.ie/education

## Brollach ón bPríomh-Chigire



Tá áthas orm *Freastal a dhéanamh ar Riachtanais Bhreise Teanga: Cuir Chuige Scoile Uile agus Ranga i dtaca le Foghlaim Ionchuimsitheach Teangacha* a chur i láthair thar ceann Chigireacht na Roinne Oideachais. Is cuid lárnach de dhearbhú cáilíochta an tsoláthair oideachais in Éirinn í an chigireacht. Tá sí dírithe ar fheabhsú foghlama agus folláine leanaí agus daoine óga a chur chun cinn, agus ar spriocanna cothromais agus ionchuimsitheachta a chur chun cinn. Roinnimid torthaí cigireachta leis an gcóras oideachais chun na spriocanna náisiúnta oideachais, ionchuimsitheachta agus cothromais a bhfuil oideachasóirí agus lucht déanta beartas in Éirinn ag dréim leo a chur chun cinn.

Sa tuarascáil seo soláthraítear anailís agus machnamh ar thátail ó chigireachtaí scoile ar an mBéarla mar theanga bhreise (BTB) a rinneadh sa dara leath de 2023. Is tír ilchultúrtha í Éire ina bhfuil go leor leanaí agus daoine óga ag foghlaim BTB agus a bhfuil go leor scoileanna ag obair chun tacú leo ar a n-aistear foghlama.

Chun a lánacmhainneacht a bhaint amach, teastaíonn cur chuige ar leith teagaisc agus foghlama ó na leanaí agus na daoine óga chun a scileanna teanga a fhorbairt agus chun dul chun cinn a dhéanamh tríd an gcuraclam. Is éard atá i gceist le soláthar éifeachtach timpeallacht a chruthú ina mothaíonn siad go bhfuil fáilte rompu agus go bhfuil luach orthu féin, measúnú ar riachtanais foghlama ag baint úsáid as cuir chuige measúnaithe bhailí, spriocanna soiléire le haghaidh feabhsúcháin, agus cuir chuige éifeachtacha teagaisc arna gcomhlánú ag tacaíocht de réir mar is gá.

Léirítear i dtorthaí na gcigireachtaí go bhfuil ár mbunscoileanna agus ár n-iar-bhunscoileanna, i gcoitinne, an-fháilteach agus an-ionchuimsitheach. Léirítear iontu go raibh córais mhaithe nó an-mhaith i bhfeidhm ag go leor scoileanna chun tacú le foghlaim BTB. Fuarthas amach freisin nach raibh an cleachtas maidir le gnéithe áirithe den soláthar sásúil i roinnt scoileanna.

Tá súil ag an gCigireacht, trí mheastóireacht agus tuairisciú a dhéanamh go cothrom agus go hoibiachtúil ar cháilíocht an tsoláthair do na scoileanna féin, d'Airí agus dá Ranna, do na seirbhísí éagsúla a thacaíonn le scoileanna agus don phobal, gur féidir léi tacú le córas oideachais na hÉireann leanúint d'fhoghlaim ardchaighdeáin a sholáthar don ghlúin seo de leanaí agus daoine óga agus do ghlúine atá le teacht. Is é an comhchuspóir atá againn ná eispéiris foghlama agus saoil na leanaí agus daoine óga uile a fheabhsú. Tá súil agam go gcuirfidh an tuarascáil seo leis an sprioc sin.

Ba mhaith 'go raibh maith agaibh' a rá leis na leanaí agus na daoine óga go léir freisin, a roinn a smaointí linn maidir le hobair na scoileanna le linn na meastóireachtaí. Is mór againn a gcuid dtuairimí agus a rannpháirtíocht agus táimid ag tnúth le tacú le scoileanna agus leis an gcóras oideachais freagairt do na dearcthaí a cuireadh in iúl.

Yvonne Keating
Príomhchigire
Feabhra 2024.

# Clár ábhair

**1. Comhthéacs an tsoláthair don Bhéarla mar Theanga Bhreise (BTB) 1**

1.1 Tacaíochtaí teagaisc le haghaidh BTB i scoileanna 2

1.2 Tacaíochtaí beartais do BTB ar fud an chórais oideachais 5

**2. Próifíl na scoileanna a ndearnadh cigireacht orthu 8**

2.1 Cigireacht ar sholáthar BTB 8

2.2 Bunscoileanna 9

2.3 Iar-bhunscoileanna 10

2.4 Leithdháiltí iomlána BTB sna bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna a ndearnadh cigireacht orthu 11

2.5 Poist oidhreachta BTB 11

**3. Measúnú agus socrú spriocanna 12**

3.1 Cáilíocht iomlán an mheasúnaithe 12

3.2 Measúnuithe ailínithe leis an CET 14

3.3 Cáilíocht na bpróiseas socraithe spriocanna 14

**4. Teagasc agus foghlaim 16**

4.1 Struchtúir scoile uile chun tacú le BTB 16

4.2 Cothabháil agus tacaíocht do theangacha baile 19

4.3 Teagasc agus foghlaim i suíomhanna príomhshrutha 21

4.4 Teagasc agus foghlaim i suíomhanna tacaíochta 23

4.5 Rannpháirtíocht na scoileanna le *Oide* agus le CNCM 27

**5. Saincheisteanna ábhartha eile a aibhsíodh le linn na gcigireachtaí 28**

5.1 Ionstraimí measúnaithe 28

5.2 Múinteoirí BTB a leithdháileadh 28

5.3 Soláthar múinteoirí 29

5.4 Gaelscoileanna agus Scoileanna sa Ghaeltacht 29

5.5 Bearta fáilte agus tacaíochta 30

**6. Conclúidí agus moltaí 31**

6.1 Conclúidí 31

6.2 I dtreo feabhsúcháin sa teagasc, sa mheasúnú agus sa leagan amach spriocanna d’fhoghlaim teanga chuimsitheach 34

# 1. Comhthéacs an tsoláthair don Bhéarla mar Theanga Bhreise (BTB)

I Ráiteas Straitéise na Roinne Oideachais[1] tá tiomantas ón Roinn tacú le soláthar oideachais ardchaighdeáin agus eispéiris foghlama a fheabhsú chun freastal ar riachtanais na leanaí agus daoine óga uilig. Leagann an Ráiteas Straitéise béim freisin ar an tábhacht a bhaineann le cothromas deiseanna san oideachas a chinntiú agus tacú le gach leanbh agus duine óg a lánacmhainneacht a bhaint amach.

Tá Éire ag athrú ina náisiún ilchultúrtha agus ilteangach le dearcadh oscailte domhanda agus léirítear an éagsúlacht seo i scoileanna. Sa chomhthéacs seo, labhraíonn líon suntasach leanaí agus daoine óga i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna teangacha seachas Béarla agus tagann siad ó chúlraí cultúrtha éagsúla. Mar thoradh ar nádúr éagsúil ár sochaí freisin bíonn leanaí agus daoine óga ag go leor dár scoileanna nach é an Béarla ná an Ghaeilge a máthairtheanga agus a bhfuil a dteanga baile éagsúil le teanga teagaisc a scoile. Cuireann láithreacht na leanaí agus na ndaoine óga seo i seomraí ranga na hÉireann le heispéiris teagaisc agus foghlama trí dheiseanna saibhre agus éagsúla a sholáthar chun scileanna teanga, eolas, meonta agus dearcthaí na scoláirí uile a fhorbairt. Is féidir leis an gcomhtháthú ar raon leathan teangacha baile in eispéiris seomra ranga tacú le gach leanbh agus duine óg tuiscint agus léirthuiscint ar an éagsúlacht a fhorbairt. Is féidir leis seo, dá bhrí sin, comhtháthú sóisialta níos fearr agus meon dearfach i leith teangacha agus cultúir eile a chothú.

Baineann leanaí agus daoine óga atá ag foghlaim BTB tairbhe shuntasach as cuir chuige shonracha teagaisc agus foghlama le rochtain a fháil ar an gcuraclam agus lena n-acmhainneacht a bhaint amach ar scoil. Féachtar sa tuarascáil seo ar na comhthéacsanna oideachais do leanaí agus daoine óga a bhfuil an BTB á fhoghlaim acu agus déantar trácht ann ar cháilíocht agus éifeachtacht an tsoláthair reatha dá n-ionchuimsiú i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna.

Leagann litríocht an taighde béim ar roinnt gnéithe den soláthar ar cheart do scoileanna a chur san áireamh agus iad ag tabhairt aghaidh ar riachtanais leanaí agus daoine óga a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu. Ina measc seo tá cultúr agus timpeallacht na scoile, cleachtais measúnaithe éifeachtacha agus cuir chuige ionchuimsitheacha teagaisc atá oiriúnach chun freagairt dá riachtanais teanga. Is féidir le timpeallacht scoile atá ionchuimsitheach agus fáiltiúil, a léiríonn meas agus a dhéanann ceiliúradh ar éagsúlacht go follasach, a chur ar chumas leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais BTB acu a gcuid foghlama a bharrfheabhsú[2] agus braistint muintearais a mhothú. Tá sé seo ag teacht le Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais na Roinne (2019)[3] a leagann béim ar an ngá

[1] Ráiteas Straitéise na Roinne Oideachais 2021-2023 ar fáil anseo

[2] Bartlett, L., Mendenhall, M. & Ghaffar-Kucher, A. 2017. Culture in acculturation: Refugee youths' schooling experiences in international schools in New York City. International Journal of Intercultural Relations, 60, 109-119

[3] An Roinn Oideachais & Scileanna, 2019. Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2019-2025. Ar fáil anseo.

go mbraithfidh leanaí agus daoine óga muintearas, agus go mothóidh siad sábháilte, nasctha agus tacaithe ar scoil.

Tá tábhacht le measúnú éifeachtach a dhéanamh ar chumas teanga chun riachtanais foghlama teanga leanaí agus daoine óga a shainaithint, chun spriocanna foghlama teanga cuí a shocrú dóibh, agus chun monatóireacht a dhéanamh ar a ndul chun cinn maidir leis na spriocanna sin a bhaint amach[4].

Luaitear dhá thacar scileanna teanga ar leith sa litríocht ar chóir do mhúinteoirí a chur san áireamh agus iad ag dul i ngleic le riachtanais BTB[5]:

i. **An teanga le haghaidh idirghníomhaíochtaí sóisialta laethúla, ar a dtugtar Bunscileanna Cumarsáide Idirphearsanta (BCI):** Sealbhaíonn leanaí agus daoine óga na scileanna seo trí thumadh i dteanga na scoile agus sa timpeallacht níos leithne. Tá sé tábhachtach go bhféadfaidh na leanaí agus na daoine óga a dteastaíonn tacaíocht uathu chun a gcuid scileanna Béarla a fhorbairt, foghlaim i seomraí ranga príomhshrutha le piaraí ar cainteoirí dúchais Béarla iad, i dtimpeallacht scafallach tumtha. Is fachtóir tábhachtach é a rannpháirtíocht iomlán i ngach gné de shaol na scoile chun tacú leo scileanna cumarsáide éifeachtacha a shealbhú mar a chuimsítear i BCI.

ii. **An tacar scileanna agus cumais teanga a theastaíonn chun coincheapa agus smaointe a thuiscint agus a chur in iúl chun rochtain agus taithí a fháil ar an gcuraclam:** Tagraítear do na hinniúlachtaí oideachais agus teanga seo mar Inniúlacht ar an Teanga Chognaíoch agus Acadúil (ITCA) agus éilíonn siad líofacht shuntasach sa Bhéarla. Tá straitéisí teagaisc agus foghlama atá oiriúnaithe go cuí tábhachtach chun tacú le sealbhú ITCA.

Cuireann an Roinn Oideachais acmhainní tiomnaithe ar fáil do scoileanna chun tacú le leanaí agus daoine óga atá ag foghlaim Béarla mar theanga bhreise. Cuirtear na hacmhainní seo ar fáil do scoileanna le cur ar a gcumas tacú le leanaí agus le daoine óga rochtain a fháil ar raon iomlán an churaclaim agus a bheith ina bhfoghlaimeoirí rathúla.

## 1.1 Tacaíochtaí teagaisc le haghaidh BTB i scoileanna

Cuireann an Roinn Oideachais leithdháileadh Teagaisc Oideachais Speisialta (TOS) ar fáil do gach scoil. Is leithdháileadh aontaithe an acmhainn seo chun tacú le teagasc agus foghlaim bunaithe ar phróifíl oideachais gach scoile. Sna treoirlínte[6] maidir le húsáid leithdháileadh TOS deirtear gur féidir le scoileanna an acmhainn bhreise seo a úsáid le

---

[4] Thommessen, S. A. O. T., Corcoran, P. & Todd, B. K. 2017. Voices rarely heard: Personal construct assessments of Sub-Saharan unaccompanied asylum-seeking and refugee youth in England. Child and Youth Services Review, 81, 293-300.

[5] Cummins, J,: 1979, ‘ Cognitive/academic language proficiency, linguistic interdependence, the optimum age question and some other matters’, Working papers on Bilingualism, 19, 121-129

[6] Treoirlínte do Bhunscoileanna: Ag Tacú le Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu i Scoileanna Príomhshrutha (2017)

Treoirlínte d’Iar-Bhunscoileanna: Ag Tacú le Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu i Scoileanna Príomhshrutha (2017)

haghaidh leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aitheanta acu agus leanaí agus daoine óga a bhfuil an BTB á fhoghlaim acu. Bhí cuimsiú BTB sa leithdháileadh TOS mar chuid den tionscnamh chun tacaíocht BTB a éascú ar scála beag laistigh de leithdháiltí um Theagasc Oideachais Speisialta. Mar sin féin, mar thoradh ar an aitheantas níos mó do riachtanais speisialta oideachais agus ar an méadú ar na rátaí diagnóisithe agus leitheadúlachta méadaithe sa chóras oideachais, ní raibh sé seo indéanta den chuid is mó.

Tá sé tábhachtach freisin go dtuigfeadh scoileanna nach mbíonn riachtanais speisialta oideachais i gcónaí ag leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais BTB acu. D'fhéadfadh míthuiscintí a bheith ann maidir le cumais, inniúlacht agus tacaíochtaí cuí le haghaidh leanaí agus daoine óga a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu má dhéantar BTB a chónaidhmiú le riachtanais speisialta oideachais.

Taobh amuigh den leithdháileadh TOS, fuair scoileanna a raibh líon ard leanaí agus daoine óga ag fáil tacaíochta BTB iontu acmhainní breise teagaisc BTB. Bhunaigh an Roinn Oideachais an leithdháileadh seo ar líon na bpost sealadach BTB a bhí de dhíth ar an scoil ag an am chun freastal ar na riachtanais foghlama teanga. Mar shampla, fuair scoil a raibh ceithre phost sealadach BTB aici trí phost buan BTB in 2012/13. Tagraítear dóibh seo mar phoist oidhreachta. San iomlán, chuir an Roinn Oideachais 429 post oidhreachta ar fáil do scoileanna - 378 i mbunscoileanna agus 51 in iar-bhunscoileanna.

Sa bhliain 2022, nuair a cuireadh tús le rollú líon mór leanaí agus daoine óga ón Úcráin, chuir an Roinn Oideachais acmhainní breise ar fáil chun tacú le scoileanna freastal ar riachtanais na leanaí agus na ndaoine óga a tháinig go hÉirinn ó thíortha eile. Chuimsigh na hacmhainní feabhsaithe uaireanta breise BTB bunaithe ar an líon leanaí agus daoine óga a tháinig go hÉirinn a raibh riachtanais BTB acu.

Faoin Scéim Leithdháilte d'Iontrálaithe Nua (SLIN)[7] chuir an Roinn 1,470 post coibhéise lánaimseartha breise (CL) ar fáil lena n-áirítear 1,034 post i mbunscoileanna agus 436 post in iar-bhunscoileanna.

Féadfaidh scoileanna achomharc a dhéanamh maidir lena leithdháileadh BTB chuig bord achomharc foirne neamhspleách. Ceapadh é seo chun tacaíocht fheabhsaithe a chur ar fáil do scoileanna ina raibh líon ard leanaí agus daoine óga a fuair tacaíocht BTB ar feadh dhá bhliain nó níos mó, agus a raibh deacrachtaí suntasacha acu fós le Béarla agus le rochtain a fháil ar an gcuraclam trí Bhéarla[8]. Tá 233 post CL leithdháilte ag an Roinn faoin bpróiseas achomharc sa scoilbhliain 2023/24 (205 i mbunscoileanna agus 28 in iar-bhunscoileanna). Tá na poist seo sa bhreis ar na poist a leithdháileadh faoin SLIN.

Go hachomair, faigheann gach scoil leithdháileadh TOS gur féidir a úsáid chun cabhrú le leanaí agus daoine óga a dteastaíonn tacaíocht le Béarla uathu chun rochtain a fháil ar an

[7] Baineann an scéim seo le rollú daltaí ón Úcráin agus le gach dalta a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu.

[8] A chláraíonn níos lú ná leibhéal B1 (leibhéal 3) ar thriail chaighdeánaithe inniúlachta sa Bhéarla.

gcuraclam. Ina theannta sin, d'fhéadfadh go mbeadh na hacmhainní breise seo a leanas ar fad nó cuid acu ag scoil:

Poist oidhreachta BTB, bunaithe ar líon ard leanaí agus daoine óga ag foghlaim Béarla mar theanga bhreise, ceadaithe in 2012/2013

Leithdháileadh BTB tríd an scéim SLIN, ar bhonn iontrálaithe nua ag clárú sa scoil sna blianta 2022/23 agus 2023/24

Leithdháileadh breise BTB bunaithe ar thoradh an phróisis achomharc BTB.

Is é 2,132 CL an leithdháileadh iomlán chun tacú le riachtanais BTB i scoileanna, sa scoilbhliain reatha go dtí seo[9]. Déantar miondealú ar an leithdháileadh seo mar seo a leanas:

**Tábla 1.1 Leithdháileadh iomlán chun tacú le riachtanais BTB Deireadh Fómhair 2023**

| | Bunscoil | Iar-bhunscoil | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Poist oidhreachta BTB | 378 | 51 | 429 |
| Scéim SLIN | 1,034 | 436 | 1,470 |
| Próiseas Achomharc BTB | 205 | 28 | 233 |
| Iomlán | 1,617 | 515 | 2,132 |

Chomh maith leis an tacaíocht shaincheaptha teagaisc BTB, bainistíonn Rannóg Oideachais Speisialta na Roinne Scéim Tacaíochta Bhreise Shealadach um Oideachas Speisialta. Tá an scéim seo le haghaidh scoileanna a bhfuil leanaí agus daoine óga ón Úcráin rollaithe acu, iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta (ICI) agus leanaí a bhfuil stádas aitheanta acu.

Tá an scéim seo deartha chun a chinntiú gur féidir le leanaí agus daoine óga leanúint lena n-oideachas sna timpeallachtaí is ionchuimsithí agus is féidir. Soláthraítear leis an scéim uaireanta breise teagaisc oideachais speisialta agus uaireanta breise cúntóirí riachtanas speisialta (CRS), bunaithe ar thairseacha grádaithe na rolluithe breise. Athbhreithnítear na tairseacha thart ar gach sé seachtaine chun athruithe ar rolluithe a chur san áireamh.

Agus an tuarascáil seo á foilsiú, bhí 225 post sealadach TOS (127 post i mbunscoileanna agus 98 in iar-bhunscoileanna) agus 305 post CRS (168 i mbunscoileanna agus 137 in iar-bhunscoileanna)[10] leithdháilte faoin scéim seo.

---

[9] Figiúirí ar an 15 Feabhra 2024

[10] Figiúirí ón Rannóg Oideachais Speisialta ar an 8 Eanáir 2024

## 1.2 Tacaíochtaí beartais do BTB ar fud an chórais oideachais

### Curaclam

Is é an curaclam an phríomhacmhainn chun teagasc agus foghlaim a threorú do gach leanbh agus duine óg, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil riachtanais BTB acu.

I mbunscoileanna, tugann an fhís, na prionsabail, na príomhinniúlachtaí agus na ráitis ar fhoghlaim, ar theagasc agus ar mheasúnú atá i gCreatchuraclam na Bunscoile treoir do chleachtas na múinteoirí. Le Curaclam Teanga na Bunscoile (CTB) soláthraítear tagairt shonrach do luach na héagsúlachta teanga agus tacaítear le foghlaim i dteangacha baile leanaí. Tacaíonn an curaclam teanga freisin le múinteoirí eispéiris foghlama shaibhriúcháin a éascú ina roinneann daltaí a gcuid eolais agus feasachta ar theangacha, ina nglacann siad páirt i ngníomhaíochtaí teanga agus ina bhfoghlaimíonn siad óna chéile.

Ba cheart go mbeadh na príomhphrionsabail[11], na ráitis foghlama agus príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí mar bhonn eolais don teagasc agus don fhoghlaim do gach scoláire sa tSraith Shóisearach. D’fhéadfadh deis a bheith ag leanaí agus daoine óga sa tSraith Shinsearach Clár na hIdirbhliana a dhéanamh, má chuireann an scoil an clár ar fáil. Ba chóir go leanfadh gach scoláire meascán ábhar ó Chlár na hArdteistiméireachta Bunaithe agus Gairmchlár na hArdteistiméireachta nó Clár na hArdteistiméireachta Feidhmí.

Ba cheart na hacmhainní go léir, lena n-áirítear acmhainní teagaisc agus neamh-theagaisc, a úsáid le cur ar chumas leanaí agus daoine óga rochtain a fháil ar an gcuraclam cuí. Ba chóir acmhainní breise a úsáid chun an curaclam a chomhlánú, agus níor cheart go gcuirfí iad in ionad an churaclaim. Tá na príomh-acmhainní breise ar fáil ón gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) agus Oide: an tseirbhís tacaíochta do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile[12].

### Acmhainní Breise ón gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)

Is féidir teacht ar shraitheanna uirlisí measúnaithe ar shuíomh gréasáin CNCM chun tacú le measúnú Béarla ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile. Tá samplaí iontu d'fhoghlaim teanga leanaí agus daoine óga, de chontanaim dul chun cinn agus d'ábhair thacaíochta do mhúinteoirí [Uirlisí Úsáide Teanga na Bunscoile - Curaclam ar Líne] [Iar-bhunscoil - eal-fv_1.pdf (ncca.ie)]. Cuireann na hacmhainní seo seo ar chumas múinteoirí riachtanais foghlama BTB leanaí agus daoine óga a aithint.

D’fhoilsigh CNCM *Oideachas Idirchultúrtha sa Bhunscoil: Treoirlínte do Scoileanna* agus *Oideachas Idirchultúrtha san Iar-Bhunscoil: Treoirlínte do Scoileanna*[13] freisin. Soláthraítear

---

[11] Áirítear sna príomhphrionsabail: foghlaim conas foghlaim, rogha agus solúbthacht, cáilíocht, cruthaitheacht agus nuálaíocht, caidreamh gníomhach agus rannpháirtíocht, leanúnachas agus forbairt, ionchuimsiú agus folláine

[12] Is seirbhís tacaíochta é Oide do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile, arna maoiniú ag an Roinn Oideachais, a bunaíodh ó chomhtháthú an Lárionaid um Cheannaireacht Scoile (LCS), na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí (SSM), an Chláir Ionduchtaithe Náisiúnta do Múinteoirí (CINM) agus na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM).

[13] CNCM, 2006

treoir sna foilseacháin seo chun tacú leis an bhforbairt ar thimpeallacht scoile atá freagrúil ó thaobh an chultúir de agus tá siad á nuashonrú faoi láthair.

Tá *Béarla mar theanga bhreise i mBunscoileanna na hÉireann: Treoirlínte do mhúinteoirí*[14] ceaptha chun tacú le múinteoirí freastal ar riachtanais teanga agus foghlama daltaí bunscoile. Cuimsítear ann ranna ar leith maidir le foghlaim teanga, pleanáil scoile agus ranga agus cleachtais chuí teagaisc agus measúnaithe.

Acmhainn chuimsitheach is ea *Up and Away*[15] le haghaidh tacaíocht teanga an Bhéarla i mbunscoileanna. Soláthraítear eolas ginearálta ar BTB ann do scoileanna, eolas sonrach do mhúinteoirí tacaíochta teanga, agus bailiúchán éagsúil gníomhaíochtaí agus acmhainní ranga.

Soláthraítear raon tacaíochtaí do mhúinteoirí leanaí atá ag foghlaim BTB le Tacar Uirlisí Teanga na Bunscoile lena n-áirítear samplaí d'fhoghlaim leanaí, ábhar tacaíochta ar BTB agus contanaim i dtaca le dul chun cinn.

## Acmhainní Breise ón tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO)

Tairgeann SNSO seimineár gréasáin 'Fáiltiú roimh Leanaí chuig ár Scoileanna', atá deartha chun cabhrú le scoileanna freastal ar riachtanais folláine leanaí agus daoine óga ón Úcráin agus ó thíortha eile. Cuireann SNSO seisiún oiliúna ceithre uair an chloig ar fáil freisin i dtaca le *Glacadh leis an Éagsúlacht: Ón Teoiric Shíceolaíoch go Cleachtas Oideachais.* Tá sé mar aidhm aige seo feasacht a mhéadú, i measc fhoireann na scoile, ar theoiric agus ar choincheapa tábhachtacha síceolaíochta i réimse na héagsúlachta agus an ionchuimsithe agus a gcur i bhfeidhm san oideachas. Mar chuid dá samhail seirbhíse do scoileanna aonair, is féidir le síceolaí SNSO comhairle a thairiscint do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile faoin mbealach is fearr chun tacú le leanaí agus daoine óga atá ag foghlaim Béarla mar theanga bhreise a chuirfidh ar chumas na foirne freastal ar riachtanais foghlama leanaí agus daoine óga aonair i scoil.

Ag aithint an ról tábhachtach atá ag ceannairí scoile maidir le dea-chleachtais a leabú ina gcuid scoileanna, cuireann SNSO seimineár ar líne ar fáil do Cheannairí Scoile ar a dtugtar *Introducing Trauma Informed Practice – The Stress Factor, Getting the Balance Right*. Dírítear leis an oiliúint seo ar chur chuige scoile uile agus ranga maidir le cleachtas atá Bunaithe ar Thráma. Scrúdaítear strus agus a thionchar ar fholláine, ar fhoghlaim agus ar iompar ann. Cuirtear comhairle phraiticiúil ar fáil maidir leis an mbealach is fearr chun strus a bhainistiú do chách i bpobal na scoile lena n-áirítear leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais bhreise acu agus iad siúd a bhfuil taithí acu ar thráma. Le linn an tseimineáir, faigheann ceannairí scoile eolas ar chúrsa ríomhfhoghlama nua ar chleachtas atá bunaithe ar thráma atá deartha don fhoireann ar fad atá ag obair i mbunscoileanna, in iar-bhunscoileanna agus i scoileanna speisialta in Éirinn. Forbraíodh an fhormáid le go bhféadfaí foghlaim fhéintreoraithe faoi do luas féin a éascú.

[14] CNCM, 2006
[15] Integrate Ireland Language Training, 2006

## Acmhainní Breise ó Oide: An tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta do Mhúinteoirí agus do Cheannairí Scoile

Soláthraíonn *Oide* spásanna acmhainní digiteacha (clár fógraí) nó "bloicíní" do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile. Déantar bloicín na bunscoile agus bloicín na hiar-bhunscoile a nuashonrú go rialta le hábhair taighde agus acmhainní ábhartha do mhúinteoirí. Cuireann *Oide* treoir ar líne agus go pearsanta ar fáil do scoileanna freisin ar thacú le leanaí agus le daoine óga atá éagsúil ó thaobh cultúir agus teanga de mar chuid de thacaíocht scoile uile do BTB. Ina measc seo tá:

seimineáir maidir le treoir agus tacú le hionchuimsiú leanaí agus daoine óga a bhfuil an Béarla á fhoghlaim acu mar theanga bhreise le haghaidh bunscoileanna

seimineáir náisiúnta le haghaidh múinteoirí iar-bhunscoile maidir le tacú le BTB sa seomra ranga tacaíochta teanga agus sa seomra ranga príomhshrutha

cuairteanna tacaíochta ionscoile, atá curtha in oiriúint do riachtanais shaincheaptha na scoile maidir le soláthar BTB

forbairt ghairmiúil roghnach do mhúinteoirí tacaíochta BTB[16] agus do bhaill foirne eile eile bunscoile agus iar-bhunscoile.

## Acmhainní Breise ó Theangacha Iar-Bhunscoile Éireann (TIÉ)

Is aonad tiomnaithe é TIÉ faoi choimirce na Roinne Oideachais le freagracht as príomhghníomhartha a chur i bhfeidhm i *Languages Connect – Ireland's Strategy for Foreign Languages in Education 2017-2026*. Tá acmhainní tiomnaithe agus deontais ar fáil ó TIÉ chun tacú le seomraí ranga ilteangacha in iar-bhunscoileanna. Tá suíomh gréasáin forbartha ag TIÉ freisin: An Intercultural Look at Our School. Leis an acmhainn seo soláthraítear straitéisí an-phraiticiúil d'iar-bhunscoileanna chun tacú le héagsúlacht idirchultúrtha agus teanga ag baint úsáid as an bpróiseas féinmheastóireachta scoile.

[16] Is é múinteoir tacaíochta BTB an téarma a úsáidtear in Imlitir 0015/2009 chun cur síos a dhéanamh ar an múinteoir a ceapadh chun freastal ar riachtanais leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais BTB acu.

# 2. Próifíl na scoileanna a ndearnadh cigireacht orthu

## 2.1 Cigireacht ar sholáthar BTB

I mí Mheán Fómhair agus i mí Dheireadh Fómhair 2023, rinne an Chigireacht trí Chigireacht Theagmhasacha is ochtó le fócas ar BTB (i seacht mbunscoil is daichead agus sé iar-bhunscoil is tríocha). Dhírigh na cigireachtaí seo ar na gnéithe seo a leanas den soláthar:

- Measúnú agus socrú spriocanna
- Cáilíocht an teagaisc agus na foghlama i suíomhanna príomhshrutha agus tacaíochta
- Úsáid acmhainní chun tacú le leanaí agus le daoine óga ag foghlaim an Bhéarla mar theanga bhreise.

Ba chineál cigireachta gan réamhfhógra a bhí sna Cigireachtaí Teagmhasacha. Thug siad deis do na cigirí meastóireacht a dhéanamh ar chuir chuige scoile uile i dtaca le freastal ar riachtanais leanaí agus daoine óga agus chun teagasc agus foghlaim i seomraí ranga agus i suíomhanna foghlama eile a mheas. Thug siad deis freisin do chigirí dul i dteagmháil le múinteoirí agus le ceannairí scoile agus plé a dhéanamh ar chur chuige gach scoile maidir le soláthar do leanaí agus do dhaoine óga atá ag foghlaim an Bhéarla mar theanga bhreise.[17]

Tagann go leor de na torthaí leo siúd a d'eascair as clár cigireachta eile, a rinneadh idir Meán Fómhair agus Nollaig 2023, a dhírigh ar chaighdeán an tsoláthair do leanaí agus do dhaoine óga ón Úcráin i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna. Léirigh an tuarascáil[18] a d'eascair as na cigireachtaí sin go leor láidreachtaí maidir le soláthar do leanaí agus do dhaoine óga na hÚcráine. Mar shampla, bhí bearta sonracha i bhfeidhm ag beagnach gach scoil chun a chinntiú go raibh mothú muintearais ag leanaí, daoine óga agus a dtuismitheoirí i bpobal na scoile agus chuir beagnach gach scoil na leanaí agus na daoine óga i ranganna a bhí oiriúnach dá n-aois. Aithníodh sa tuarascáil freisin an gá atá le rannpháirtíocht agus gafacht leanaí agus daoine óga na hÚcráine i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna a mhéadú.

Ar na bearta a moladh sa tuarascáil sin chun feabhas a chur ar an soláthar, bhí:

- tuismitheoirí leanaí réamhscoile ón Úcráin a spreagadh chun rochtain a fháil ar sholáthar Luathfhoghlama agus Cúraim (LFC)
- monatóireacht chúramach a dhéanamh ar thinreamh scoile leanaí agus daoine óga ón Úcráin i scoileanna agus gníomhú chun tinreamh a fheabhsú nuair is gá

[17] Sa Treoir atá foilsithe um Chigireacht i mBunscoileanna agus i Scoileanna Speisialta leagtar amach na nósanna imeachta iomlána le haghaidh Cigireachtaí Teagmhasacha i mbunscoileanna. Leagtar amach na nósanna imeachta maidir le Cigireachtaí Teagmhasacha in Iar-bhunscoileanna sa Treoir atá foilsithe um Chigireacht in Iar-Bhunscoileanna.

[18] Cáilíocht an Oideachais le haghaidh Leanaí agus Daoine Óga ón Úcráin (An Roinn Oideachais, 2024)

- eolas cruinn agus soiléir a chur ar fáil maidir le conairí dul chun cinn do dhaoine óga na hÚcráine atá ag aistriú ón iar-bhunscoil go dtí an breisoideachas agus/nó saol na hoibre.

Roghnaíodh na scoileanna ó liosta na Roinne Oideachais de na scoileanna go léir le leithdháiltí do thacaíocht BTB. San iomlán rinneadh cigireacht ar thrí scoil is ochtó, lena n-áirítear seacht mbunscoil is daichead agus sé iar-bhunscoil is tríocha.

## 2.2 Bunscoileanna

Bhí éagsúlacht sna rolluithe sa seacht mbunscoil is daichead, mar atá leagtha amach i dtábla 2.1 thíos.

**Tábla 2.1 Figiúirí rollaithe sna daichead a seacht scoil a roghnaíodh**

| Rollú | 1 – 99 | 100 – 199 | 200 – 299 | 300 – 399 | 400 – 499 | 500+ |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon na mbunscoileanna | 7 | 7 | 12 | 10 | 8 | 3 |

Bhí 601 dalta ar an rolla ag an mbunscoil ba mhó agus bhí trí cinn déag sa bhunscoil ba lú. Bhí na seacht mbunscoil is daichead lonnaithe ar fud sé chontae déag agus na ceithre chúige uile. Áiríodh leo scoileanna i gceantair thuaithe agus uirbeacha. Áiríodh cúig cinn den dhá scoil is tríocha a chuir oideachas trí mheán na Gaeilge ar fáil agus a raibh leithdháiltí múinteoireachta BTB acu sa sampla deiridh. Scoileanna Béarla a bhí sa daichead a dó scoil eile sa sampla.

San iomlán, bhí naoi bpost múinteoireachta BTB is ochtó sna seacht mbunscoil is daichead; ba phoist oidhreachta BTB iad ocht gcinn is fiche díobh sin, deonaíodh ocht gcinn tríd an bpróiseas achomharc BTB agus leithdháileadh tríocha a naoi tríd an scéim SLIN. Bhí líon na bpost múinteoireachta BTB sna scoileanna aonair sa raon idir 0.2 agus cúig.

**Tábla 2.2 Leithdháiltí BTB sna daichead a seacht scoil a roghnaíodh**

| Leithdháileadh na bpost múinteoireachta BTB | 0.2 – 0.9 | 1 – 1.9 | 2 – 2.9 | 3 – 3.9 | 4 – 4.9 | 5 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon na mbunscoileanna | 9 | 12 | 17 | 8 | 0 | 1 |

Bhí ní ba lú ná post múinteoireachta lánaimseartha amháin ag naoi gcinn de na seacht mbunscoil is daichead; bhí leithdháileadh de 0.2 post ag dhá cheann de na scoileanna seo. Bhí cúig phost BTB ag scoil amháin, b’in é an leithdháileadh ba mhó sa sampla. Bhí idir post

lánaimseartha amháin agus trí phost lánaimseartha do thacaíocht BTB ag breis is 60% de na scoileanna.

## 2.3 Iar-bhunscoileanna

Bhí ocht gcinn déag den sé iar-bhunscoil is tríocha faoi phátrúnacht an Bhoird Oideachais agus Oiliúna; meánscoileanna deonacha ab ea trí cinn déag díobh agus scoileanna pobail agus scoileanna cuimsitheacha na cúig cinn eile. Bhí 167 scoláire ar an rolla ag an iar-bhunscoil ba lú agus bhí 1,187 scoláire ag an gceann ba mhó. Tá na rolluithe sna sé scoil is tríocha leagtha amach i dtábla 2.3 thíos.

**Tábla 2.3 Figiúirí rollaithe sna tríocha sé scoil a roghnaíodh**

| Rollú | 100 - 300 | 301 – 500 | 501 - 700 | 701 - 900 | 901 – 1,100 | 1,100+ |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon na n-iar-bhunscoileanna | 5 | 10 | 9 | 8 | 2 | 2 |

Tarraingíodh na hiar-bhunscoileanna as seacht gcontae dhéag ar fud na gceithre chúige uile, agus chuimsigh siad scoileanna i suíomhanna uirbeacha agus tuaithe araon. Bhí leithdháiltí múinteoireachta BTB ag trí iar-bhunscoil a chuir oideachas ar fáil trí mheán na Gaeilge; cuireadh ceann de na scoileanna seo san áireamh sa sampla deiridh. Scoileanna Béarla a bhí sna cúig iar-bhunscoil is tríocha eile sa sampla. San iomlán, bhí díreach os cionn daichead is a cúig post teagaisc CL don BTB sna sé iar-bhunscoil is tríocha. Astu seo, deonaíodh beagnach tríocha a sé acu trí scéim SLIN; deonaíodh beagnach trí cinn tríd an bpróiseas achomharc BTB agus ba phoist oidhreachta BTB iad na cúig cinn eile.

Bhí líon na CL BTB sna sé iar-bhunscoil is tríocha sa raon idir 0.23 agus 4.7 mar seo a leanas:

**Tábla 2.4 Leithdháiltí BTB sna tríocha sé scoil a roghnaíodh**

| Leithdháileadh na bpost múinteoireachta BTB | 0.2 – 0.9 | 1 – 1.9 | 2 – 2.9 | 3 – 3.9 | 4 – 4.9 | 5 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon na n-iar-bhunscoileanna | 18 | 12 | 2 | 3 | 1 | 0 |

Bhí níos lú ná CL amháin ag breis is leath de na hiar-bhunscoileanna agus bhí idir post amháin agus trí phost CL ag beagnach 40% de na scoileanna. Ní raibh leithdháileadh níos mó ná ceithre phost CL ach ag ceann amháin de na scoileanna.

## 2.4 Leithdháiltí iomlána BTB sna bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna a ndearnadh cigireacht orthu

Bhí beagnach 120 post múinteoireachta BTB sna trí scoil is ochtó a ndearnadh cigireacht orthu. Deonaíodh 63% de na poist seo tríd an scéim SLIN agus ba poist oidhreachta BTB 27% díobh. Údaraíodh na poist eile tríd an bpróiseas achomharc BTB. Cé go raibh líon na bpost a leithdháileadh tríd an scéim SLIN mórán mar a chéile sna bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, bhí líon ní ba mhó post oidhreachta BTB agus post á leithdháileadh trí phróiseas achomharc BTB sna bunscoileanna ná sna hiar-bhunscoileanna.

**Tábla 2.5 Leithdháiltí iomlána BTB sna hochtó trí scoil a ndearnadh cigireacht orthu**

| | Bunscoil | Iar-bhunscoil | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Poist oidhreachta BTB | 28 | 5.50 | 33.50 |
| Scéim SLIN | 39 | 35.92 | 74.92 |
| Próiseas Achomharc BTB | 8 | 2. 90 | 10.90 |
| Iomlán | 75 | 44.32 | 119.32 |

## 2.5 Poist oidhreachta BTB

Bhí tríocha a trí go leith post oidhreachta BTB CLÉ sna trí scoil is ochtó a ndearnadh cigireacht orthu. Bhí ocht gcinn is fiche acu seo i mbunscoileanna agus cúig cinn go leith in iar-bhunscoileanna.


Baineadh úsáid as sé cinn déag de na poist oidhreachta BTB i mbunscoileanna go hiomlán chun freastal ar riachtanais BTB ag am na cigireachta agus sannadh cúig phost do dhualgais teagaisc san oideachas speisialta. Sna scoileanna eile, rinneadh an post oidhreachta BTB a chomhtháthú le foireann oideachais speisialta na scoileanna agus thacaigh gach múinteoir ar an bhfoireann oideachais speisialta le riachtanais BTB agus riachtanais oideachais speisialta i ranganna sannta.

Scaipeadh na poist oidhreachta BTB in iar-bhunscoileanna thar ocht scoil. I sé cinn de na scoileanna seo baineadh úsáid as na huaireanta chun tacú le BTB agus/nó le riachtanais speisialta oideachais. Ní raibh an dá scoil eile ag baint úsáid as a leithdháileadh iomlán BTB chun tacú le daoine óga a raibh riachtanais BTB nó riachtanais speisialta oideachais acu; dá bhrí sin, comhchuimsíodh cuid de na huaireanta BTB ina leithdháileadh iomlán teagaisc.

# 3. Measúnú agus socrú spriocanna

Rinne cigirí meastóireacht ar cháilíocht mheasúnú agus socrú spriocanna gach scoile do leanaí agus do dhaoine óga a bhí ag foghlaim Béarla mar theanga bhreise. Bhunaigh cigirí a mhéid a bhí na scoileanna ag déanamh measúnú ar inniúlacht teanga sa Bhéarla ag baint úsáid as measúnuithe ailínithe le Comhchreat Tagartha na hEorpa (CTE) do theangacha. Rinne cigirí meastóireacht freisin ar éifeachtúlacht phróisis na scoileanna chun athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar spriocanna agus chun pleanáil a dhéanamh chun freastal ar riachtanais na leanaí agus na ndaoine óga.

## 3.1 Cáilíocht iomlán an mheasúnaithe




**Tábla 3.1 Cáilíocht an mheasúnaithe ar leanaí agus daoine óga a raibh riachtanais BTB acu**

| | An-mhaith | | Maith | | Sásúil | | Measartha | | Lag | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | U | % | U | % | U | % | U | % | U | % |
| Bunscoileanna | 13 | 27.7 | 16 | 34.0 | 14 | 29.8 | 4 | 8.5 | 0 | 0 |
| Iar-bhunscoileanna | 10 | 27.8 | 5 | 13.9 | 5 | 13.9 | 8 | 22.2 | 8 | 22.2 |
| Iomlán | 23 | 27.7 | 21 | 25.3 | 19 | 22.9 | 12 | 14.5 | 8 | 9.6 |

Bhí cleachtais mheasúnaithe go maith nó go han-mhaith i díreach os cionn leath de na scoileanna a ndearnadh cigireacht orthu. Ní raibh siad sásúil i mbeagnach ceathrú de na scoileanna. Bhí an measúnú sásúil sna 23% eile de na scoileanna a ndearnadh cigireacht orthu.

Bhí na céatadáin de bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna a raibh cleachtais mheasúnaithe an-mhaith acu mar a chéile a bheag nó a mhór; 27% sa dá earnáil. Mar sin féin, bhí difríochtaí suntasacha idir na hearnálacha ag na leibhéil cháilíochta eile. Bhí cleachtais mheasúnaithe go maith i sé bhunscoil déag as an daichead a sé bhunscoil, sin

díreach os cionn 30% de na scoileanna sin. Bhí cleachtais mheasúnaithe ní ba lú ná sásúil i gceithre scoil, nó 8% de na scoileanna. Ag leibhéal na hiar-bhunscoile, bhí an measúnú go maith i gcúig cinn de na sé scoil is tríocha; bhí sé ní ba lú ná sásúil in ocht scoil nó 44% de na hiar-bhunscoileanna.

### Cáilíocht an mheasúnaithe – Láidreachtaí i gcleachtais mheasúnaithe

Sna trí bhunscoil déag ina raibh an measúnú an-mhaith, d'úsáid múinteoirí raon uirlisí measúnaithe chun riachtanais Bhéarla na leanaí a mheas. Áiríodh orthu seo an Fearas Measúnaithe Bunscoile[19], trialacha breathnóireachta múinteoirí agus réamhthástáil agus iar-thástáil ar thionscnaimh litearthachta. Bhain roinnt de na scoileanna seo úsáid freisin as féinmheasúnú na leanaí agus féinmhachnamh an mhúinteora. I measc na ngnéithe coitianta eile a bhain le cleachtas measúnaithe an-mhaith bhí leibhéal ard comhairliúcháin idir múinteoirí oideachais speisialta, múinteoirí BTB agus múinteoirí ranga, comhroinnt sonraí measúnaithe le tuismitheoirí, agus naisc shoiléire idir sonraí measúnaithe, spriocanna teanga agus gníomhaíochtaí foghlama.

I scoil amháin, ina raibh an cleachtas an-éifeachtach, thug an cigire faoi deara gur baineadh úsáid as torthaí measúnaithe chun bearnaí i bhfoghlaim na ndaltaí a aimsiú agus chun iad seo a nascadh go díreach le pleananna tacaíochta na ndaltaí. D'aistrigh ateangaire na pleananna tacaíochta ansin agus shínigh na tuismitheoirí iad. Sa scoil seo freisin, rinne daltaí féinmheasúnuithe tar éis gach topaic a múineadh agus chomhlánaigh múinteoirí pasanna teanga do dhaltaí a bhí ag aistriú go dtí an iar-bhunscoil. Bhain gach ceann de na deich n-iar-bhunscoileanna, ina raibh an measúnú an-mhaith, úsáid as tacar uirlisí measúnaithe Integrate Ireland Language and Training (IILT) chun scileanna teanga na scoláirí a thástáil. Roinneadh torthaí na dtrialacha ansin leis na múinteoirí ábhair agus úsáideadh iad chun spriocanna teanga a shocrú. Chuir sé seo bonn leis an tacaíocht teanga a fuair na scoláirí. I neart de na scoileanna seo rinneadh tástáil ag amanna seasta i rith na bliana, go hiondúil i mí Mheán Fómhair agus i mí na Bealtaine.

### Cáilíocht an mheasúnaithe - Roinnt easnamh i roinnt scoileanna

Bhí an measúnú measartha in dhá cheann déag de na sé scoil is ochtó; ceithre bhunscoil agus ocht n-iar-bhunscoil. Ní raibh cur chuige scoile uile i leith measúnaithe ag cuid de na scoileanna seo; dá bharr sin, bhí cleachtas measúnaithe neamh-chomhsheasmhach i measc na múinteoirí. Bhí scoileanna eile ag brath go hiomlán ar mheasúnú deartha ag an múinteoir, nó ar thástálacha nár dearadh do riachtanais BTB amhail an Ceathrú Eagrán den Triail um Chumais Cognaíocha (CAT4). Bhí pleananna i bhfeidhm ag roinnt scoileanna, ina raibh an cleachtas measartha, chun riachtanais teanga a mheas; ach tráth na cigireachta ní raibh tús curtha fós le measúnú. Léiríonn sé seo an gá atá le cinntiú go ndéantar measúnuithe a amú ar bhealach a éascaíonn rochtain ar thacaíochtaí teanga do leanaí agus do dhaoine óga.

---

[19] D'fhorbair Integrate Ireland Language and Training (IILT) é seo agus tá sé á óstáil faoi láthair ag CNCM


Bhí cleachtais mheasúnaithe laga ag ocht n-iar-bhunscoil. I gcúig cinn de na scoileanna seo, ní dhearnadh aon tástáil ar riachtanais teanga daoine óga; agus sna trí scoil eile, baineadh úsáid as trialacha míchuí. Bhí feasacht theoranta ag roinnt múinteoirí ar na trialacha teanga, ar na huirlisí measúnaithe agus ar na hacmhainní eile a bhí ar fáil do scoileanna chun tacú le soláthar do dhaoine óga a raibh riachtanais BTB acu. Bhí an measúnú dírithe freisin ar an meastóireacht ar chaighdeán an oideachais do leanaí agus do dhaoine óga ón Úcráin[20]. Fuarthas amach sna cigireachtaí sin gur ceann de na príomhréimsí a bhí le feabhsú sna scoileanna ina raibh feabhas sa teagasc de dhíth, ná an measúnú, lena n-áirítear measúnú ar scileanna teanga agus úsáid a dtorthaí measúnaithe chun bonn eolais a chur faoin teagasc.

## 3.2 Measúnuithe ailínithe leis an CET

Cuireann measúnuithe atá ailínithe le CET leanaí agus daoine óga ar scála ó A1 (an leibhéal is bunúsaí) go C3 (líofacht an chainteora dúchais) trasna scileanna léitheoireachta, scríbhneoireachta, labhartha, agus éisteachta. Bhí seachtó a hocht de na trí bhunscoil agus iar-bhunscoil is ochtó sna cigireachtaí BTB ag déanamh measúnaithe ar riachtanais teanga leanaí agus daoine óga. Astu seo, bhí trí cinn déag (15%) nach raibh ag baint úsáid as measúnuithe ailínithe leis an CET.

## 3.3 Cáilíocht na bpróiseas socraithe spriocanna

Tar éis an mheasúnaithe, cuireann an creat CET ar chumas múinteoirí spriocanna a leagan síos chun tacú leis an dalta nó scoláire bogadh go dtí an chéad leibhéal eile d’inniúlacht teanga agus le cur ar a gcumas rochtain níos éifeachtaí a fháil ar an gcuraclam. Ba chóir na spriocanna a thaifeadadh sa Phlean Tacaíochta Scoláirí agus iad a roinnt leis an leanbh nó leis an duine óg, lena dtuismitheoirí agus leis na múinteoirí ábhartha go léir.




[20] Cáilíocht an Oideachais le haghaidh Leanaí agus Daoine Óga ón Úcráin (An Roinn Oideachais, 2024)

**Tábla 3.3 Cáilíocht na bpróiseas socraithe spriocanna a bhí i bhfeidhm do leanaí agus do dhaoine óga a raibh riachtanais BTB acu**

| | An-mhaith | | Maith | | Sásúil | | Measartha | | Lag | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | U | % | U | % | U | % | U | % | U | % |
| Bunscoileanna | 14 | 29.8 | 9 | 19.1 | 17 | 36.2 | 4 | 8.5 | 3 | 6.4 |
| Iar-bhunscoileanna | 6 | 16.7 | 5 | 13.9 | 7 | 19.4 | 8 | 22.2 | 10 | 27.8 |
| Iomlán | 20 | 24.1 | 14 | 16.9 | 24 | 28.9 | 12 | 14.5 | 13 | 15.7 |

Bhí socrú spriocanna an-mhaith i mbeagnach 25% de na scoileanna a ndearnadh cigireacht orthu; is é sin, i gceithre bhunscoil déag agus sé iar-bhunscoil. Bhí socrú spriocanna go maith i mbeagnach 20% de na bunscoileanna agus i 14% de na hiar-bhunscoileanna. Bhí socrú spriocanna measartha nó lag i leath de na  sé iar-bhunscoil is tríocha. Bhí sé measartha nó lag i 15% de na daichead a seacht mbunscoil.

I measc na ngnéithe a bhain le socrú spriocanna an-mhaith a bhain le bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna bhí úsáid spriocanna sonracha intomhaiste bunaithe ar shonraí measúnaithe soiléire a ndearnadh athbhreithniú rialta orthu. Roinn na scoileanna sin na spriocanna leis na múinteoirí go léir a bhí ag plé leis an leanbh nó leis an duine óg agus i gcuid acu bhí na daoine óga agus a dtuismitheoirí páirteach i socrú spriocanna.

Sna háiteanna ina bhfacthas sárchleachtas, bhí naisc shoiléire idir na spriocanna agus gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama i suíomhanna príomhshrutha agus suíomhanna tacaíochta araon agus bhí fianaise shoiléir ar dhul chun cinn na leanaí agus na ndaoine óga i bhfoghlaim na teanga.

Sna trí scoil déag ina raibh socrú spriocanna lag, ní raibh spriocanna bunaithe ag múinteoirí don sealbhú teanga. Bhí na spriocanna sa dá scoil déag ina raibh an cleachtas measartha an-ghinearálta agus ní raibh aon nasc soiléir acu le torthaí measúnaithe. I gcuid de na scoileanna seo ba spriocanna scoile uile na spriocanna, agus é i gceist go gcuirfeadh na leanaí uile feabhas ar a n-inniúlacht teanga, seachas spriocanna foghlama aonair. Gné choitianta de scoileanna a raibh socrú spriocanna measartha nó lag acu ná an iomarca béime ar úsáid treoracha simplí agus úsáid a bhaint as leabhair oibre an-simplí do na leanaí. I scoileanna dá leithéid, d'fhéadfaí tacú níos fearr leis an bhfoghlaim dá leagfaí níos lú béime sa suíomh tacaíochta ar obair léamhthuisceana agus ar bhileoga oibre.


# 4. Teagasc agus foghlaim

Rinne cigirí meastóireacht ar cháilíocht na ngnéithe seo a leanas den teagasc agus den fhoghlaim:

1. Struchtúir scoile uile chun tacú le BTB
2. Cothabháil agus tacaíocht do theangacha baile
3. Teagasc agus foghlaim i suíomhanna príomhshrutha
4. Teagasc agus foghlaim i suíomhanna tacaíochta
5. Teagmháil le *Oide* agus le CNCM chun tacú le teagasc agus foghlaim.

## 4.1 Struchtúir scoile uile chun tacú le BTB

Cuid thábhachtach de thacú le leanaí agus le daoine óga atá ag foghlaim Béarla mar theanga bhreise is ea comhthuiscint a chothú i measc fhoireann na scoile maidir leis an mbealach is fearr chun scoil atá freagrach ó thaobh an chultúir de a chruthú[21] áit a mothaíonn leanaí agus daoine óga go bhfuil fáilte rompu. Go bunúsach, ag teacht le Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais na Roinne, ba chóir go léireodh timpeallacht na scoile teangacha, cultúir agus éagsúlacht a pobail.




[21] Bazron, B., Osher, D., & Fleischman, S. (2005). Creating culturally responsive schools. American Educator, 11(1), 38-47.

**Tábla 4.1. Cáilíocht na struchtúr scoile uile chun tacú le riachtanais BTB**

| | An-mhaith | | Maith | | Sásúil | | Measartha | | Lag | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | U | % | U | % | U | % | U | % | U | % |
| **Bunscoileanna** | 14 | 29.8 | 14 | 29.8 | 12 | 25.5 | 6 | 12.8 | 1 | 2.1 |
| **Iar-bhunscoileanna** | 7 | 19.4 | 14 | 38.9 | 4 | 11.1 | 6 | 16.7 | 5 | 13.9 |
| **Iomlán** | 21 | 25.3 | 28 | 33.7 | 16 | 19.3 | 12 | 14.5 | 6 | 7.2 |

Bhí struchtúir na scoile uile go maith nó go han-mhaith i ní ba mhó ná leath de na bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna a ndearnadh cigireacht orthu. Bhí siad sásúil i 19% de na scoileanna a ndearnadh cigireacht orthu; b'ionann é seo agus breis is ceathrú de na bunscoileanna agus 11% de na hiar-bhunscoileanna. Bhí struchtúir na scoile uile ní ba lú ná sásúil in ocht scoil déag (15% de na bunscoileanna, 30% de na hiar-bhunscoileanna).

### *Struchtúir scoile uile chun tacú le BTB - Láidreachtaí i gcórais agus i struchtúir scoileanna*

I ndaichead a naoi de na trí scoil is ochtó ar tugadh cuairt orthu, bhí struchtúir scoile uile maith nó an-mhaith i bhfeidhm chun tacú le leanaí agus daoine óga a raibh riachtanais BTB acu. Sna scoileanna seo, bhí ceannaireacht an-éifeachtach ón bpríomhoide, ón gceannaireacht shinsearach agus ó fhoirne scoile eile ina gné chomhsheasmhach den chleachtas. Chinntigh ceannaireacht éifeachtach go raibh struchtúir agus cultúir scoile uile i bhfeidhm chun tacú le leanaí agus daoine óga a raibh riachtanais BTB acu in dhá phríomhréimse: cumarsáid idir múinteoirí agus tacaíocht do thuismitheoirí agus dá dteaghlaigh.

Bhí struchtúir éifeachtacha cumarsáide idir múinteoirí BTB agus múinteoirí príomhshrutha le sonrú go láidir sna scoileanna seo. Chuidigh na struchtúir le múinteoirí pleanáil le chéile le haghaidh soláthar BTB agus cur chuige comónta a chur i bhfeidhm maidir le spriocanna a leagan síos agus maidir le straitéisí teagaisc. Na scoileanna uile, geall leis, a raibh struchtúir chumarsáide mhaithe nó an-mhaith acu, chuir siad ar chumas na múinteoirí príomhshrutha eolas a thabhairt do mhúinteoirí BTB faoi ábhar an cheachta roimh an gceacht. Chuir sé seo ar chumas na múinteoirí na leanaí agus na daoine óga a raibh riachtanais BTB acu a ullmhú le bheith páirteach i ngníomhaíochtaí príomhshrutha.

I measc samplaí eile den chleachtas maith agus cleachtas an-mhaith bhí cruinnithe seachtainiúla idir an múinteoir BTB agus na múinteoirí ranga chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeacht a gcuid múinteoireachta foirne agus an comhordaitheoir BTB ag soláthar ionchuir rialta ar chuir chuige éifeachtacha teagaisc BTB ag cruinnithe foirne. I roinnt mhaith scoileanna ina raibh an cleachtas go maith nó go han-mhaith, bhí pearsanra ábhartha uile na scoile, lena n-áirítear Foirne Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail (TBSP) agus Foirne Tacaíochta Scoláirí, páirteach i soláthar BTB. I scoil amháin, ina raibh

cleachtas an-mhaith, bhí líonra bunaithe le scoileanna eile chun cleachtas faoi sholáthar BTB a chomhroinnt.

Maidir leis na bunscoileanna agus na hiar-bhunscoileanna a rinne an soláthar ab éifeachtaí do BTB, bhí struchtúir dea-fhorbartha acu freisin chun tacú le rannpháirtíocht na dtuismitheoirí. Áiríodh orthu sin cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí i dteangacha an bhaile, imeachtaí a eagrú ar nós maidineacha caifé fáilte, eochaircháipéisí a aistriú do shuíomh gréasáin na scoile, agus a chinntiú go mbeadh ionadaíocht ag tuismitheoirí leanaí agus daoine óga a raibh riachtanais BTB acu ar chumann na dtuismitheoirí.

I scoil amháin, bhí físeáin ar fáil ar an suíomh gréasáin chun tacú le tuismitheoirí i bpríomhghnéithe forbartha teanga agus éisteacht le fuaimeanna. Sna scoileanna ina raibh an cleachtas thar a bheith éifeachtach bhí 'córais pháirtíochta' bunaithe do thuismitheoirí agus do scoláirí araon. Chinntigh an córas páirtíochta go raibh na tuismitheoirí agus a leanaí meaitseáilte le daoine a raibh an teanga chéanna acu sa bhaile agus a d'fhéadfadh tacú leo agus iad ag déileáil leis an gcóras scoile. I scoileanna áirithe, bhí naisc le heagraíochtaí pobail a thacaíonn le teaghlaigh nach é an Béarla a gcéad teanga.

Ar na torthaí a bhain leis nacigireachtaí a dhírigh ar chaighdeán an oideachais do leanaí agus do dhaoine óga ón Úcráin, bhí an tábhacht a bhaineann le tacú le rannpháirtíocht tuismitheoirí i saol na scoile. Dúradh sa tuarascáil[22] a d'eascair as na cigireachtaí sin go raibh struchtúir i bhfeidhm ag scoileanna a raibh an cleachtas ab éifeachtaí acu chun tuismitheoirí ón Úcráin a mhealladh bheith rannpháirteach i saol na scoile. Áiríodh leis na struchtúir sin, mar shampla, tuismitheoirí a spreagadh le bheith páirteach i gcumann na dtuismitheoirí.

### *Struchtúir scoile uile chun tacú le BTB - Réimsí le forbairt i roinnt scoileanna*


Bhí struchtúir na scoile uile ní ba lú ná sásúil i 15% de na bunscoileanna agus 30% de na hiar-bhunscoileanna a ndearnadh cigireachtaí a bhí dírithe ar an BTB orthu. Sna scoileanna sin, ní raibh struchtúir scoile uile ann chun tacú le daoine óga a raibh riachtanais BTB acu. Ní raibh córais chomhleanúnacha scoile uile i bhfeidhm don mheasúnú, don teagasc agus don fhoghlaim agus, cé go raibh roinnt dea-chleachtais i measc múinteoirí aonair, bhí gá le cur chuige ní ba chomhsheasmhaí chun an soláthar do leanaí agus do dhaoine óga a raibh riachtanais BTB acu a fheabhsú. I mionlach na scoileanna ní raibh aon chóras chun tacú le rannpháirtíocht na  dtuismitheoirí agus bhí easpa tuisceana ag leibhéal na scoile uile ar an tábhacht a bhaineann le fios a bheith acu cé na teangacha baile a labhair na daoine óga. Áit a raibh struchtúir na scoile uile ní ba lú ná sásúil, thug na cigirí faoi deara go raibh claonadh ann an soláthar BTB ar an iomlán a bheith dícheangailte agus go raibh na naisc idir gníomhaíochtaí foghlama i ranganna tacaíochta agus i ranganna príomhshrutha neamh-chomhsheasmhach.

---

[22] Cáilíocht an Oideachais le haghaidh Leanaí agus Daoine Óga ón Úcráin (An Roinn Oideachais, 2024)

## 4.2 Cothabháil agus tacaíocht do theangacha baile

Sa chleachtas éifeachtach do leanaí agus do dhaoine óga atá ag foghlaim Béarla mar theanga bhreise, éilítear ar scoileanna teangacha baile na leanaí agus na ndaoine óga uile a aithint agus a chothú. Tríd an teanga baile a úsáid agus a chothabháil, is féidir le leanaí agus le daoine óga rochtain níos fearr a fháil ar ábhar acadúil a oireann dá n-aois agus dá gcéim forbartha sa dara teanga agus tuiscint níos fearr a fháil ar an ábhar sin. Cuidíonn cothabháil na teanga baile freisin le haitheantas agus tacaíocht a thabhairt d'fhéiniúlacht agus do mhothúchán an linbh nó an duine óig, rud a chuireann go mór le folláine ar an iomlán.




**Tábla 4.2 Cáilíocht na cothabhála agus na tacaíochta do theangacha baile**

| | **An-mhaith** | | **Maith** | | **Sásúil** | | **Measartha** | | **Lag** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | U | % | U | % | U | % | U | % | U | % |
| **Bunscoileanna** | 10 | 21.3 | 12 | 25.5 | 10 | 21.3 | 13 | 27.7 | 2 | 4.2 |
| **Iar-bhunscoileanna** | 11 | 30.6 | 6 | 16.7 | 9 | 25.0 | 4 | 11.1 | 6 | 16.7 |
| **Iomlán** | 21 | 25.3 | 18 | 21.7 | 19 | 22.9 | 17 | 20.5 | 8 | 9.6 |

Rinneadh iarrachtaí maithe nó an-mhaith chun teangacha baile na leanaí agus na ndaoine óga a chothabháil agus a thacú i díreach faoi bhun leath de na scoileanna a ndearnadh cigireacht orthu (21% de bhunscoileanna agus 30% de na hiar-bhunscoileanna). Bhí cothabháil agus tacaíocht do theangacha baile sásúil sa cheathrú cuid de na hiar-bhunscoileanna a ndearnadh cigireacht orthu agus díreach os cionn an cúigiú cuid de na bunscoileanna. Bhí an chaoi ar tugadh tacaíocht do theangacha baile ní ba lú ná sásúil sna 30% eile de na scoileanna a ndearnadh cigireacht orthu.

### *Cothabháil agus tacaíocht do theangacha baile - Láidreachtaí soiléire*

Bhí roinnt téamaí comónta sna scoileanna ina raibh an cleachtas go maith nó go han-mhaith. Cruthaíodh timpeallacht ilteangach agus ilchultúrtha saibhir i gcló trí chomharthaí, póstaeir agus ábhar amhairc eile a chur ar taispeáint i dteangacha baile na leanaí agus na ndaoine óga. Ba thábhachtaach an rud é go raibh na taispeántais seo le feiceáil sna seomraí ranga agus in áiteanna poiblí sna scoileanna. I roinnt mhaith scoileanna, taispeánadh léarscáileanna den domhan a léirigh na tíortha agus na bailte ónar tháinig a gcuid leanaí agus daoine óga. I scoileanna áirithe, tugadh cuireadh do leanaí agus do dhaoine óga póstaeir a dhéanamh agus a thaispeáint faoina mbailte dúchais agus iad a chur i láthair ag tionóil.

Gné eile den chleachtas maith nó an-mhaith ab ea teanga baile na leanaí a úsáid chun tacú leis an bhfoghlaim. Spreag agus d’éascaigh go leor múinteoirí sna scoileanna seo leanaí agus daoine óga chun a dteanga baile a úsáid le linn ceachtanna. Bhain leanaí agus daoine óga úsáid as uirlisí digiteacha agus aistriúcháin nó as córas páirtithe teanga, inar oibrigh leanaí agus daoine óga a raibh na teangacha baile céanna acu le chéile chun tacú lena chéile san fhoghlaim.

Bhain an tríú gné de chleachtas maith agus de chleachtas an-mhaith le hacmhainní i dteangacha baile. Bhain roinnt scoileanna leas as deontas teangacha Teangacha Iarbhunscoile Éireann (TIÉ)[23] chun leabhair a cheannach i máthairtheangacha a gcuid scoláirí. Mar thoradh air sin, bhí rochtain ag leanaí sna scoileanna seo ar leabhair dhá theanga sna seomraí ranga agus sna leabharlanna.

### *Cothabháil agus tacaíocht do theangacha baile - Roinnt dúshlán*

I 30% de na scoileanna, bhí an chothabháil agus an tacaíocht do theangacha baile ní ba lú ná sásúil. Sna scoileanna seo ba bheag deiseanna a bhí ag leanaí labhairt lena chéile ina dteangacha baile, ba bheag ceiliúradh a rinneadh ar éagsúlacht chultúrtha ná teanga na leanaí, agus ní raibh aon taispeántais de theangacha baile sna seomraí ranga ná in áiteanna poiblí sna scoileanna. I roinnt de na scoileanna seo bhí tuiscint theoranta ar luach na dteangacha baile chun tacú le foghlaim an dara teanga agus bhí tuiscint theoranta ar an deacracht a bhí ag daoine óga a bheith ag obair trí theanga bhreise an lá ar fad. Bhí cur chuige scoile uile chun tacú le teangacha baile in easnamh go hiondúil sna scoileanna seo freisin.


Dhírigh moltaí le haghaidh feabhsúcháin sna scoileanna seo ar dhá phríomhghné: leanaí agus daoine óga a chumasú chun a dteangacha baile a úsáid mar scafall don fhoghlaim nua, agus éagsúlacht chultúrtha na scoile a cheiliúradh trí thaispeántais i seomraí ranga agus in áiteanna comónta sa scoil. Mhol na cigirí do na scoileanna nach raibh an cleachtas sásúil iontu cur chuige comhaontaithe scoile uile a chur i bhfeidhm chun tacú le soláthar BTB. I mbunscoileanna, bhain sé seo de ghnáth le polasaí scoile uile a fhorbairt agus a chur

[23] Scéim Mhaoinithe na dTeangacha Baile do Leabharlana Scoile 2023 - TIÉ

i bhfeidhm; in iar-bhunscoileanna chuir cigirí béim freisin ar an tábhacht a bhaineann le pleanáil chomhaontaithe sna ranna ábhair.

## 4.3 Teagasc agus foghlaim i suíomhanna príomhshrutha

Baineann cuir chuige an dea-chleachtais i dteagasc agus i bhfoghlaim an Bhéarla mar theanga bhreise le múinteoirí príomhshrutha bheith páirteach i dtacú le leanaí agus daoine óga dhá chineál teanga ar leith a fhorbairt: teanga le haghaidh idirghníomhaíochtaí sóisialta laethúla (BCI) agus an teanga shainiúil atá de dhíth chun rochtain a fháil ar an gcuraclam (ITCA). Is fearr an chéad cheann a bhaint amach trína chinntiú go mbíonn deiseanna dea-phleanáilte ag leanaí agus daoine óga idirghníomhú le cainteoirí líofa Béarla. Is féidir le múinteoirí an dara ceann a fhorbairt trí theanga an ábhair a theagasc go follasach, amhail na heochairfhocail a theastaíonn i ngach ceacht agus scileanna foghlama teanga. Is féidir le múinteoirí príomhshrutha oibriú go comhoibríoch agus go héifeachtach leis an múinteoir tacaíochta BTB trí chleachtais amhail teagasc foirne.




**Tábla 4.3 Cáilíocht an teagaisc agus na foghlama do leanaí agus do dhaoine óga a raibh riachtanais BTB acu i suíomhanna príomhshrutha**

| | An-mhaith | | Maith | | Sásúil | | Measartha | | Lag | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | U | % | U | % | U | % | U | % | U | % |
| **Bunscoileanna** | 8 | 17.0 | 21 | 44.7 | 17 | 36.2 | 1 | 2.1 | 0 | 0 |
| **Iar-bhunscoileanna** | 4 | 11.1 | 15 | 41.7 | 4 | 11.1 | 8 | 22.2 | 5 | 13.9 |
| **Iomlán** | 12 | 14.5 | 36 | 43.4 | 21 | 25.3 | 9 | 10.8 | 5 | 6.0 |

Bhí cáilíocht an teagaisc agus na foghlama do leanaí agus daoine óga a raibh BTB acu i suíomhanna príomhshrutha go maith nó go han-mhaith i mbeagnach 58% de na scoileanna a ndearnadh cigireacht orthu. Bhí sí sásúil i 25% de na scoileanna, 36% de bhunscoileanna agus 11% d'iar-bhunscoileanna. Bhí teagasc agus foghlaim i suíomhanna príomhshrutha ní ba lú ná sásúil i gceithre scoil déag nó beagnach 17% de na scoileanna.

### *Cáilíocht an teagaisc agus na foghlama do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil riachtanais BTB acu i suíomhanna príomhshrutha - Láidreachtaí sa chleachtas*

Bhí cáilíocht an teagaisc agus na foghlama i suíomhanna príomhshrutha go maith nó go han-mhaith i naoi gcinn is fiche de na seacht mbunscoil is daichead agus i naoi gcinn déag de na  sé iar-bhunscoil is tríocha. Bhain múinteoirí sna scoileanna seo úsáid as cuir chuige teagaisc a bhí an-oiriúnach agus a bhí freagrúil do riachtanais na leanaí agus na ndaoine óga. Áiríodh leis na cuir chuige seo treoracha soiléire a sholáthar, athrá éifeachtach agus athfhrása a dhéanamh ar choincheapa, úsáid tacaíochtaí amhairc agus teicneolaíochtaí digiteacha chun an fhoghlaim a scafláil agus athbhreithniú éifeachtach a dhéanamh ag deireadh na gceachtanna. I neart ceachtanna, leag na múinteoirí béim láidir ar obair bheirte agus ar ghníomhaíochtaí grúpa. Sna ceachtanna seo, rinne na múinteoirí machnamh cúramach ar chomhdhéanamh na ngrúpaí agus na mbeirteanna chun an rannpháirtíocht ba mhó a cheadú do na leanaí agus daoine óga uile.

I roinnt scoileanna ghlac múinteoirí am le foghlaim faoi fhéiniúlacht chultúrtha na leanaí agus an comhthéacs ina raibh siad ina gcónaí; agus d'úsáid siad an t-eolas seo chun bonn a chur le gníomhaíochtaí foghlama, le hobair thionscadail agus le taispeántais chultúrtha. Áit a raibh an cleachtas ar fheabhas i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna araon, chinntigh na múinteoirí go raibh dúshlán cuí ag na leanaí agus na daoine óga go léir ina ranganna sa ghníomhaíocht foghlama; chinntigh sé seo gur cuimsíodh gach duine go fónta le linn na gceachtanna.

### *Cáilíocht an teagaisc agus na foghlama i suíomhanna príomhshrutha - Easnaimh i líon beag scoileanna*


Bhí cáilíocht an teagaisc agus na foghlama i suíomhanna príomhshrutha measartha nó lag i gceithre scoil déag de na trí scoil is ochtó; iar-bhunscoileanna ab ea beagnach gach ceann acu. Sna scoileanna seo, bhí gnéithe áirithe den soláthar a bhí sásúil nó ní b'fhearr. Bhí na gnéithe seo teoranta do mhúinteoirí aonair áfach agus níor cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad sa scoil. I measc na saincheisteanna a aithníodh sna scoileanna seo bhí nós míchuí na daoine óga ar fad le BTB a chur ag suí lena chéile i ranganna. Mar thoradh ar an socrúchán suí seo cailleadh deiseanna luachmhara do na daoine óga idirghníomhú, agus teanga a shealbhú, óna bpiaraí ar cainteoirí Béarla máthairtheanga iad. I scoileanna áirithe, ní raibh múinteoirí ábhair agus múinteoirí príomhshrutha ar an eolas faoi leibhéil inniúlachta teanga na ndaoine óga ina rang agus ní raibh na daoine óga seo páirteach i ngníomhaíochtaí foghlama a bhí dúshlánach go cuí le linn ceachtanna.

Baineadh úsáid theoranta as teicneolaíochtaí digiteacha nó acmhainní tábhachtacha eile mar scafall ar an bhfoghlaim, agus i gcásanna áirithe níor baineadh úsáid astu ar chor ar bith. I roinnt de na scoileanna, ba iad múinteoirí tacaíochta lasmuigh den phríomhshruth

amháin a chuir tacaíocht ar fáil do dhaoine óga a raibh BTB acu, agus bhí comhoibriú an-teoranta idir múinteoirí tacaíochta agus múinteoirí príomhshrutha. Príomh-mholadh i ngach scoil ina raibh an cleachtas ní ba lú ná sásúil ná go gcaithfeadh scoileanna a chinntiú go dtabharfaí tacaíocht éifeachtach do gach leanbh agus duine óg le bheith rannpháirteach go fónta i ngach ceacht ag leibhéal dúshlánach cuí. Chun a chinntiú go dtarlóidh sé seo, mhol cigirí do scoileanna cur chuige comhaontaithe scoile uile a chur i bhfeidhm maidir le leanaí agus daoine óga a mhúineadh ar fud na scoile agus monatóireacht chúramach a dhéanamh ar rath an chuir chuige seo. I scoileanna áirithe, ina raibh an cleachtas lag, moladh do cheannairí rochtain a fháil ar thacaíocht ó *Oide* chun cur ar a gcumas an feabhsúchán riachtanach a thabhairt i gcrích.

## 4.4 Teagasc agus foghlaim i suíomhanna tacaíochta

Is éard atá i suíomhanna tacaíochta ná suíomhanna ina mbíonn leanaí agus daoine óga i mbun gníomhaíochtaí foghlama lasmuigh den rang príomhshrutha, ina n-aonar le múinteoir nó i ngrúpaí beaga le leanaí agus daoine óga eile agus múinteoir. Is éard atá i gceist le teagasc éifeachtach le haghaidh leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais BTB acu i gceachtanna tacaíochta ná breithniú cúramach ar na riachtanais foghlama tosaíochta mheasúnaithe agus ar na spriocanna a aithnítear do na leanaí agus na daoine óga sa rang tacaíochta. Bíonn deiseanna tábhachtacha ag múinteoirí i suíomhanna tacaíochta chun forbairt an dá ghné ar leith den teanga a threisiú; an teanga le haghaidh idirghníomhaíochtaí sóisialta laethúla(BCI) agus an teanga shonrach a theastaíonn chun rochtain a fháil ar an gcuraclam (ITCA).



**Tábla 4.4 Cáilíocht an teagaisc agus na foghlama do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil riachtanais BTB acu i suíomhanna** tacaíochta (Ní dhearnadh cuairt ar shuíomhanna tacaíochta in dhá bhunscoil ná in cúig iar-bhunscoil)

| | **An-mhaith** | | **Maith** | | **Sásúil** | | **Measartha** | | **Lag** | | **Níl i gCeist** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | U | % | U | % | U | % | U | % | U | % | U | % |
| **Bunscoileanna** | 16 | 34.0 | 19 | 40.4 | 9 | 19.1 | 1 | 2.1 | 0 | 0 | 2 | 4.4 |
| **Iar-bhunscoileanna** | 6 | 16.7 | 13 | 36.1 | 4 | 11.1 | 1 | 2.8 | 7 | 19.4 | 5 | 13.9 |
| **Iomlán** | 22 | 26.5 | 32 | 38.6 | 13 | 15.7 | 2 | 2.4 | 7 | 8.4 | 7 | 8.4 |

Bhí cáilíocht an teagaisc agus na foghlama don BTB i suíomhanna tacaíochta go maith nó go han-mhaith i mbreis is 65% de na trí scoil is ochtó a ndearnadh cigireacht orthu. Bhí sé sásúil i mbeagnach 16% de na scoileanna. Bhí an teagasc agus an fhoghlaim don BTB i suíomhanna tacaíochta ní ba lú ná sásúil i mbeagnach 11% de na scoileanna. Bhí teagasc tacaíochta go maith nó go han-mhaith i mbreis agus 74% de bhunscoileanna i gcomparáid le beagnach 53% d'iar-bhunscoileanna. Bhí an teagasc agus an fhoghlaim don BTB i suíomhanna tacaíochta ní ba lú na sásúil i 2% de na bunscoileanna i gcomparáid le 22% d'iar-bhunscoileanna.

### *Cáilíocht an tsoláthair don teagasc agus don fhoghlaim do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil riachtanais BTB acu i suíomhanna tacaíochta - Láidreachtaí*

Bhí an soláthar do theagasc agus d'fhoghlaim i suíomhanna tacaíochta go maith nó go han-mhaith i dtríocha a cúig de na seacht mbunscoil is daichead a ndearnadh cigireacht orthu agus i naoi gcinn déag de na sé iar-bhunscoil is tríocha a ndearnadh cigireacht orthu. Ar fud bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna araon ina raibh an teagasc an-éifeachtach, thug cigirí faoi deara an chaoi a raibh leanaí agus daoine óga sna suíomhanna tacaíochta gafa agus spreagtha ag a ngnóthachtáil agus go raibh siad sásta dul sa seans lena gcuid foghlama.

Gné thábhachtach den chleachtas an-mhaith i suíomhanna tacaíochta ab ea a chinntiú go raibh an teagasc ag freagairt do riachtanais na leanaí agus na ndaoine óga. Sna scoileanna inar baineadh é seo amach, bhí gníomhaíochtaí foghlama bunaithe ar spriocanna foghlama teanga a bhí bunaithe ar mheasúnú agus a ndearnadh athbhreithniú agus oiriúnú rialta orthu i bhfianaise an dul chun cinn a rinneadh. Baineadh amach é freisin nuair a chruthaigh múinteoirí timpeallacht inar mhothaigh na leanaí agus na daoine óga go raibh tacaíocht, dearbhú agus moladh acu. Bhí múinteoirí i scoileanna dá leithéid an-eolach ar na daoine óga, ar a gcúlraí agus ar a riachtanais agus d'úsáid siad an t-eolas seo go sciliúil chun tacú leis an bhfoghlaim. D'úsáid múinteoirí teanga cur chuige solúbtha chun freagairt do riachtanais athraitheacha na ndaoine óga agus thug siad an tacaíocht seo sa rang nó ar bhonn aistarraingthe, ag brath ar ábhar an cheachta.

Gné lárnach eile den chleachtas an-mhaith sna scoileanna seo ná an dlúth-chomhoibriú idir na múinteoirí teanga agus na múinteoirí ranga. Mar shampla, i mbunscoil amháin d'aithin an múinteoir ranga gnéithe d'fhoghlaim teanga a bhí dúshlánach do leanaí, amhail réamhfhocail. Ansin dhear na múinteoirí teanga gníomhaíochtaí foghlama chun an ghné seo de theanga na leanaí a fheabhsú. Ar an gcaoi chéanna, san iar-bhunscoil, rinne an múinteoir teanga nasc ar líne le seomra ranga príomhshrutha na ndaoine óga, trí Google Classroom, sa chaoi is go raibh a gceacht teanga nasctha le hábhar na ranganna príomhshrutha.

Gné eile den chleachtas an-mhaith ab ea modheolaíochtaí éifeachtacha teagaisc in úsáid ag na múinteoirí tacaíochta. Mar shampla, i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna araon thug úsáid an teagaisc ghrúpabhunaithe agus tascanna foghlama comhoibrithí deiseanna tábhachtacha do leanaí a muinín a fhorbairt i labhairt lena bpiaraí. I measc na modheolaíochtaí teagaisc oiriúnacha eile bhí úsáid na drámaíochta chun teanga a fhorbairt trí 'leanaí i ról' i mbunscoileanna agus, in iar-bhunscoileanna, athrá, athfhrámáil agus athfhrásáil a úsáid chun teanga nua a leabú agus daoine óga a chur ag plé a gcuid foghlama ag deireadh ceachtanna.

Baineadh úsáid an-éifeachtach as acmhainní sna ceachtanna tacaíochta ina raibh an teagasc go maith nó go han-mhaith. Áiríodh ar na hacmhainní seo tacaí amhairc, mataí fócais teanga, foclóirí teanga agus cluichí meaitseála chun tacú le tuiscint agus foghlaim. Baineadh úsáid freisin as acmhainní digiteacha chun tacú le foghlaim i suíomhanna tacaíochta. Rud atá tábhachtach, léirigh múinteoirí sna ceachtanna seo feasacht ar an mbaol go n-éireodh leanaí róspleách ar ghléasanna aistriúcháin digiteacha agus chomhlánaigh siad úsáid acmhainní digiteacha le straitéisí eile, amhail fístaispeántais a úsáid.

### *Cáilíocht an tsoláthair don teagasc agus don fhoghlaim do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil riachtanais BTB acu i suíomhanna tacaíochta - Dúshláin i roinnt scoileanna*

Bhí an teagasc agus an fhoghlaim i suíomhanna tacaíochta ní ba lú ná sásúil i naoi gcinn de na trí scoil is ochtó ar tugadh cuairt orthu. I dtrí cinn de na scoileanna seo, ní raibh leanaí agus daoine óga a raibh riachtanais BTB acu ag fáil tacaíochta breise lasmuigh de ranganna príomhshrutha. Tharla sé seo toisc gur chaith an múinteoir BTB am go hiomlán ar mheasúnú nó chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais eile, riachtanais speisialta oideachais de ghnáth. Nuair a tharla sé seo, cuireadh in iúl do mhúinteoirí nár cheart go ndéanfadh an measúnú laghdú suntasach ar am tacaíochta do dhaoine óga agus gur chóir a chinntiú go n-úsáidtear acmhainní BTB chun freastal ar riachtanais BTB laistigh den scoil.

Sna sé scoil eile, ní raibh an teagasc tacaíochta bunaithe a dhóthain ar mheasúnú riachtanas agus ba bheag an t-ullmhúchán a rinneadh do na ceachtanna. Ní raibh na hacmhainní a úsáideadh le linn na gceachtanna oiriúnach do riachtanais na leanaí agus na ndaoine óga; agus níor múineadh teanga i gcomhthéacs. Go hiondúil bhí gníomhaíochtaí foghlama le linn na gceachtanna seo faoi stiúir an mhúinteora agus is beag deiseanna a bhí ann do dhaoine óga oibriú lena bpiaraí agus bhí deiseanna teoranta dóibh an teanga a úsáid. I roinntiar-bhunscoileanna, ní dhearnadh scoláirí a ghrúpáil de réir aoise ná leibhéil inniúlachta teanga. I gcás amháin baineadh úsáid as múinteoir teanga chun scoláirí

idirnáisiúnta a mhúineadh seachas tacaíocht a sholáthar do dhaoine óga a raibh riachtanais BTB acu. Mhol cigirí go ndéanfadh na scoileanna seo measúnú cuimsitheach ar riachtanais teanga na leanaí agus na ndaoine óga. Mhol na cigirí do na scoileanna cuir chuige chuí teagaisc a chur i bhfeidhm a éascaíonn do na leanaí agus do dhaoine óga an teanga atá de dhíth le haghaidh idirghníomhú sóisialta agus freisin an teanga atá de dhíth chun rochtain a fháil ar an gcuraclam a shealbhú. Leagadh béim ar an ngá atá le cur chuige comhaontaithe scoile uile sna scoileanna seo agus mhol cigirí do roinnt ceannairí scoile tacaíocht a fháil ó *Oide*.

## 4.5 Rannpháirtíocht na scoileanna le *Oide* agus le CNCM

Tábla 4.5 Rannpháirtíocht na scoileanna le *Oide* agus CNCM

| | **An bhfuair an scoil tacaíocht ó *Oide* don BTB?** | | | | **Cé chomh mór agus a ghabh an scoil d'ábhair IILT agus CNCM maidir le BTB?** | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fuair | | Ní bhfuair | | Go mór | | Go pointe áirithe | | Nior ghabh ar chor ar bith | |
| | U | % | U | % | U | % | U | % | U | % |
| **Bunscoileanna** | 11 | 23.4 | 36 | 76.6 | 10 | 21.3 | 24 | 51.1 | 13 | 27.7 |
| **Iar-bhunscoileanna** | 20 | 55.6 | 16 | 44.4 | 8 | 22.2 | 18 | 50.0 | 10 | 27.8 |
| **Iomlán** | 31 | 37.3 | 52 | 62.7 | 18 | 21.7 | 42 | 50.6 | 23 | 27.7 |

Thuairiscigh beagán os cionn 37%, nó tríocha a haon de na hochtó is a trí scoil, go raibh rochtain acu ar thacaíocht ó *Oide* don BTB. Ní raibh iarratas déanta ag beagnach 63%, nó caoga is a dó scoil, ar thacaíocht ó na seirbhísí faoi *Oide*. Ba bhunscoileanna iad tríocha a sé cinn de na scoileanna sin agus iar-bhunscoileanna ab ea sé cinn déag acu. I scoileanna a chuir isteach ar thacaíocht agus a fuair tacaíocht ó *Oide*, thug cigirí faoi deara go raibh úsáid an-éifeachtach á baint as acmhainní chun tacú leis an bhfoghlaim, lena n-áirítear tacaíochtaí cultúrtha agus teanga ó Scoilnet, chomh maith le roinnt rannpháirtíochta le ceannairí foghlama gairmiúla ó *Oide*.

Bhí ní ba mhó ná 72% de na scoileanna tar éis gabháil le hábhar IILT agus CNCM i dtaca le BTB agus bhí líon na mbunscoileanna agus na hiar-bhunscoileanna a bhí rannpháirteach mórán mar a chéile. Ar an iomlán, bhí trí cinn déag de na sé bhunscoil is daichead agus deich gcinn de na sé iar-bhunscoil agus daichead nach raibh baint ar bith acu ag leis na hábhair a bhain go sonrach le BTB. Is ionann seo agus beagnach 28% de na scoileanna.

# 5. Saincheisteanna ábhartha eile a aibhsíodh le linn na gcigireachtaí

Tar éis na gcuairteanna cigireachta ar chomhthéacsanna BTB, luaigh cigirí tátail agus saincheisteanna eile a tháinig chun cinn le linn a gcaidreamh le ceannairí scoile, múinteoirí, leanaí agus daoine óga. Luaitear na téamaí seo lena mbreithniú anseo thíos agus tá siad sa bhreis ar na torthaí a aithníodh i gcodanna níos luaithe den tuarascáil seo.

## 5.1 Ionstraimí measúnaithe

Tháinig roinnt saincheisteanna a bhain le measúnú chun cinn sna bunscoileanna agus sna hiar-bhunscoileanna araon. I mbunscoileanna dhírigh na saincheisteanna ar an bhFearas Measúnaithe Bunscoile. Thuairiscigh múinteoirí gur thóg sé an iomarca ama le riar agus go raibh sé deacair é a úsáid. Ina theannta sin, níor thug na torthaí dóthain eolais mar bhonn do réimsí tosaíochta an teagaisc agus na foghlama. I gcainteanna le cigirí, mhol múinteoirí go mbeadh measúnuithe a bheadh níos ailínithe le Curaclam Teangacha na Bunscoile úsáideach.

Bhí roinnt iar-bhunscoileanna ag baint úsáid as an triail Cambridge English Language Assessment. Cé go bhfuil an triail seo ailínithe leis an CET, tá sé deartha do dhaoine óga agus do dhaoine fásta atá ag foghlaim Béarla mar theanga iasachta, mar shampla, roinnt daoine fásta ag taisteal go dtí tír ina labhraítear Béarla le haghaidh oibre nó daoine óga ag teacht go hÉirinn chun a gcuid Béarla a fheabhsú. Níl an triail seo oiriúnach do dhaoine óga in iar-bhunscoileanna a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu agus a bhfuil rochtain ar an gcuraclam ina riachtanas tosaíochta acu.

## 5.2 Múinteoirí BTB a leithdháileadh

Faoi na treoirlínte reatha[24] féadfaidh scoileanna roinnt acmhainní breise teagaisc TOS a úsáid do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil riachtanais BTB acu. Mar sin féin, cuireann an t-aitheantas níos mó ar riachtanais speisialta oideachais agus rátaí méadaithe diagnóise agus leitheadúlachta sa chóras oideachais ó tugadh isteach an tsamhail TOS, dúshláin do scoileanna maidir le húsáid éifeachtach acmhainní TOS chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais BTB.

Bhí post BTB ag ceann de na bunscoileanna ar tugadh cuairt orthu faoin scéim Leithdháilte d'Iontrálaithe Nua (SLIN), cé nach nach raibh leanaí ar an rolla a bhí ina n-iontrálaithe nua sa tír. Rinneadh an t-iarratas ar bhonn measúnú a dhéanamh ar riachtanais teanga na

[24] Treoirlínte do Bhunscoileanna: Ag Tacú le Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu i Scoileanna Príomhshrutha (2017)
Treoirlínte d'Iar-Bhunscoileanna: Ag Tacú le Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu i Scoileanna Príomhshrutha (2017)

leanaí ar fad sa scoil, nach raibh aon duine acu ina n-iontrálaithe nua. Tar éis na cigireachta seo, chuir an Roinn an post BTB ar ceal.

In dhá iar-bhunscoil úsáideadh an múinteoir BTB chun Béarla a mhúineadh do dhaoine óga ó thíortha Eorpacha a bhí sa tír agus é mar aidhm sainráite acu feabhas a chur ar a gcuid Béarla. Bhí na daoine óga seo sa tír ar bhonn sealadach, go minic gan a dteaghlaigh, mar chuid de shocrú príobháideach a bhí deartha go sonrach chun a gcumas Béarla a fheabhsú. Cé nach bhfuil sé seo ag sárú treoirlínte reatha na Roinne go teicniúil, níl hé an cuspóir atá beartaithe do na tacaíochtaí a sholáthraíonn an Roinn. Moltar treoir do scoileanna a thabhairt cothrom le dáta chun comhairle shonrach a chur ar fáil ar úsáid incheadaithe na hacmhainne teagaisc BTB.

Bhí beagán faoi bhun leath de na poist oidhreachta BTB sna scoileanna á n-úsáid chun freastal ar riachtanais BTB amháin. Maidir le poist oidhreachta BTB nár úsáideadh go heisiach do BTB, úsáideadh iad mar chuid d'fhoireann oideachais speisialta na scoileanna nó, i líon beag scoileanna, comhchuimsíodh iad i leithdháileadh foriomlán múinteoireachta na scoileanna.

## 5.3 Soláthar múinteoirí

Luaigh beirt phríomhoidí iar-bhunscoile agus seachtar príomhoide bunscoile deacrachtaí a bhain le múinteoirí BTB a earcú. Bhí iarrachtaí suntasacha déanta ag na scoileanna seo le linn 2023 chun múinteoirí a earcú, ach bhí dúshláin rompu baill foirne cháilithe a cheapadh.

## 5.4 Gaelscoileanna agus Scoileanna sa Ghaeltacht

Tá leithdháiltí breise teagaisc ag tríocha cúig scoil lán-Ghaeilge chun tacú le leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais BTB acu. Cuimsíonn sé seo tríocha is a dó bunscoil agus trí iar-bhunscoil. Rinneadh cigireacht ar shé cinn de na scoileanna seo chun críocha na cigireachta BTB seo; cúig bhunscoil agus iar-bhunscoil amháin. Bhí cúig cinn de na sé scoil lonnaithe sa Ghaeltacht, bhí an ceann eile lonnaithe i mBaile Átha Cliath. Ba chóir tacaíocht bhreise teanga a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge de ghnáth i nGaelscoileanna toisc go gcuireann sé seo ar chumas na leanaí an teanga atá de dhíth le haghaidh idirghníomhú sóisialta( BCI) agus an teanga atá de dhíth chun rochtain a fháil ar an gcuraclam ar scoil(ITCA) a shealbhú. Léiríonn torthaí na gcigireachtaí seo nach amhlaidh an cás i gcónaí.

Bhí an Ghaeilge mar theanga teagaisc sna ranganna príomhshrutha i gceithre cinn de na cúig bhunscoil agus san iar-bhunscoil. Sa bhunscoil eile, ba é an Béarla an teanga teagaisc go príomha. Bhí éagsúlacht mhór i dteanga an teagaisc i suíomhanna tacaíochta sna sé scoil ar Ghaelscoileanna iad. I dtrí cinn de na sé scoil, ba trí Bhéarla amháin a bhí an teagasc i suíomhanna tacaíochta agus i scoil eile, bhí sé go príomha trí Bhéarla le roinnt Gaeilge. I mbunscoil amháin, ba trí Ghaeilge go príomha a bhí an teagasc i suíomhanna tacaíochta agus ba trí Ghaeilge amháin a bhí an teagasc sa bhunscoil eile. Ní chuidíonn an mí-ailíniú seo idir an teanga teagaisc i ranganna príomhshrutha agus suíomhanna tacaíochta, i dtromlach na nGaelscoileanna a ndearnadh cigireacht orthu, le leanaí agus daoine óga an inniúlacht teanga atá riachtanach chun rochtain a fháil ar an gcuraclam a shealbhú.

Le linn na gcuairteanna ar Ghaelscoileanna, thug na cigirí faoi deara nach ndearna aon cheann de na Gaelscoileanna ar tugadh cuairt orthu rochtain ar thacaíocht BTB ó *Oide*.

I gcainteanna le cigirí, luaigh múinteoirí i nGaelscoileanna go raibh gá le tacaíocht Bhéarla a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga nach raibh oideachas trí mheán na Gaeilge roghnaithe ag a dtuismitheoirí, ach a bhí ag freastal ar an scoil de riachtanas. Luaigh múinteoirí i nGaelscoileanna freisin go raibh dúshláin rompu maidir le tacaíocht shóisialta agus mhothúchánach a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga ar bheagán Béarla nó Gaeilge, trí mheán na Gaeilge.

## 5.5 Bearta fáilte agus tacaíochta

Bhí neart samplaí de scoileanna ag cur bearta i bhfeidhm chun fáilte a chur roimh leanaí agus daoine óga agus a dteaghlaigh chuig pobal na scoile. I sampla ó scoil amháin áiríodh soláthar pacaí obair bhaile do thuismitheoirí, tacaíocht rialta Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail agus rannpháirtíocht thacúil na dtuismitheoirí sa phlean teanga labhartha. Ina theannta sin, d'eagraigh roinnt scoileanna imeachtaí sóisialta amhail ióga, ealaín, bácáil agus taispeántais chócaireachta i dteangacha baile na dtuismitheoirí. Thacaigh roinnt scoileanna freisin le tuismitheoirí chun foirmeacha oifigiúla a líonadh agus páipéarachas a chomhlánú chun rochtain ar sheirbhísí sóisialta a chumasú. Fuarthas go leor de na bearta sin freisin sna scoileanna ar thug cigirí cuairt orthu le déanaí do chigireachtaí[25] a dhírigh ar chaighdeán an oideachais do leanaí agus do dhaoine óga ón Úcráin.

Cé go raibh raon beart éifeachtach ag go leor scoileanna chun cabhrú le leanaí agus daoine óga socrú síos sa phobal, luaigh na múinteoirí i gcoitinne go raibh gá le tacaíocht bhreise chun cabhrú le leanaí agus le daoine óga a bhfuil tráma agus imní idirscartha orthu. Bhí sé seo ábhartha go háirithe i gcás leanaí agus daoine óga i dteaghlaigh inar tháinig tuismitheoir isteach leo ar feadh tréimhse saoire ón arm agus go raibh orthu filleadh ar a dtír dhúchais ina dhiaidh sin.

[25] Cáilíocht an Oideachais le haghaidh Leanaí agus Daoine Óga ón Úcráin (An Roinn Oideachais, 2024)

# 6. Conclúidí agus moltaí

## 6.1 Conclúidí

Tá soláthar éifeachtach le haghaidh leanaí agus daoine óga a bhfuil BTB acu lárnach chun cothromas deiseanna san oideachas a chinntiú agus chun tacú le gach leanbh agus duine óg a lánacmhainneacht a bhaint amach. Tá acmhainní suntasacha teagaisc curtha ar fáil ag an Roinn Oideachais do scoileanna le cur ar a gcumas tacú le leanaí agus daoine óga atá ag foghlaim an Bhéarla mar theanga bhreise. Rinne Cigireacht na Roinne Oideachais measúnú ar an soláthar do BTB trí chigireachtaí teagmhasacha a dhéanamh, le fócas ar leith ar an mBéarla mar theanga bhreise (BTB), i sampla d'ochtó a trí bhunscoil agus iar-bhunscoil i Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair 2023. Tá an tuairisc chigireachta ilchodach seo bunaithe ar na torthaí a d'eascair as na meastóireachtaí sin.

Tagann go leor de na torthaí sa tuarascáil seo leo siúd atá i g*Cáilíocht an Oideachais le haghaidh Leanaí agus Daoine Óga ón Úcráin*, tuarascáil a d'fhoilsigh an Chigireacht ar an 15 Feabhra 2024, atá ar fáil anseo. Tá samplaí sa tuarascáil sin de chleachtas éifeachtach maidir le rannpháirtíocht agus gafacht leanaí agus daoine óga ón Úcráin i saol na scoile a chur chun cinn. Baineann na samplaí le gach leanbh agus duine óg atá ag foghlaim BTB.

### Acmhainneacht chriticiúil don Mheasúnú

Léiríonn na cigireachtaí a rinneadh chun bonn eolais a chur faoin tuarascáil seo, ainneoin go raibh **cáilíocht an mheasúnaithe** go maith nó go han-mhaith i díreach os cionn leath de na trí bhunscoil agus iar-bhunscoil is ochtó a ndearnadh meastóireacht orthu, bhí sí ní ba lú ná sásúil i mbeagnach ceathrú de na scoileanna. Is toradh tábhachtach é seo mar is é measúnú éifeachtach an chéad chéim ríthábhachtach chun cinneadh a dhéanamh ar na hidirghabhálacha is oiriúnaí chun tacú le leanaí agus daoine óga dul ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile de shealbhú teanga. Gan próisis mheasúnaithe mhaithe, ní féidir le múinteoirí riachtanais foghlama teanga aonair a shainaithint i gceart agus ní féidir leo a gcur chuige teagaisc a oiriúnú ná straitéisí foghlama a éascú chun freastal ar na riachtanais sin.

Léiríonn na torthaí freisin go raibh **próisis socraithe spriocanna** maithe nó an-mhaith ag 41% de na scoileanna a ndearnadh cigireacht orthu; bhí socrú spriocanna ní ba lú ná sásúil i 30% de na scoileanna, áfach. Soláthraíonn socrú éifeachtach spriocanna do mhúinteoirí, do leanaí agus do dhaoine óga agus dá dtuismitheoirí spriocanna chun scileanna teanga a fheabhsú. Mar an gcéanna, d'fhéadfadh spriocanna neamhéifeachtúla bac a chur ar dhul chun cinn i sealbhú teanga. Fuarthas amach sna cigireachtaí go raibh **struchtúir scoile uile maithe** nó an-mhaith ag beagnach 60% de na scoileanna chun tacú le BTB. Bhí na struchtúir seo ní ba lú ná sásúil i mbeagnach 20% de na scoileanna. Bhí cáilíocht chothabháil agus tacaíochta na dteangacha baile go maith nó go han-mhaith freisin i thart ar leath de na scoileanna; bhí sé measartha nó lag i 30% de na scoileanna, áfach. Cruthaíonn **tacaíocht do theangacha baile** torthaí oideachais níos fearr do leanaí agus do dhaoine óga agus bíonn tionchar dearfach aici ar a bhfolláine. Tá sé bunúsach mar sin do sholáthar éifeachtach do leanaí agus do dhaoine óga atá ag foghlaim Béarla mar theanga bhreise.

### Tacaíochtaí do sholáthar éifeachtach BTB

Cuireann clár cuairteanna cigireachta BTB na Cigireachta fianaise an-láidir ar fáil go gcaithfidh an córas oideachais forbairt na struchtúr, na dtacaíochtaí curaclaim agus measúnaithe, **inniúlachtaí teagaisc ardoird** agus polasaithe nuálacha agus ionchuimsitheacha scoile uile agus cleachtais ranga a chur chun cinn atá riachtanach chun dul chun cinn éifeachtach na  leanaí agus daoine óga a bhfuil Béarla á fhoghlaim acu mar theanga bhreise a chur chun cinn. Leagann siad béim freisin ar an nasc idir cleachtas comhoibríoch agus comhchoiteann múinteoirí agus cáilíocht eispéiris foghlama leanaí agus daoine óga.

Bhí córais i bhfeidhm ag beagnach gach scoil ina raibh an teagasc agus an fhoghlaim go han-mhaith chun cuidiú le múinteoirí oibriú le chéile chun eispéiris foghlama a phleanáil agus a éascú do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil riachtanais BTB acu. Léiríonn torthaí cigireachtaí, cé go raibh cáilíocht an teagaisc agus na foghlama i suíomhanna príomhshrutha an-mhaith i 14% de na scoileanna, go raibh sé measartha nó lag i mbeagnach 17% de na scoileanna. Bhí cáilíocht an teagaisc agus na foghlama i suíomhanna tacaíochta beagán ní  b’fhearr agus 26% de na scoileanna sa chatagóir an-mhaith. Bhí 10% de na scoileanna, áfach, nach raibh an teagasc i suíomhanna tacaíochta sásúil. Ní raibh cuid de na scoileanna seo ag baint úsáid as a n-acmhainní teagaisc BTB chun tacaíocht bhreise a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga a raibh riachtanais BTB acu, agus i scoileanna eile, bhí an tacaíocht bhreise a cuireadh ar fáil an-teoranta.

### Ceannaireacht chun soláthar an BTB a leabú laistigh den Fhéinmheastóireacht Scoile

Tá an t-eispéireas foghlama do leanaí agus do dhaoine óga a dteastaíonn tacaíocht le BTB uathu i suíomhanna príomhshrutha agus tacaíochta ríthábhachtach chun torthaí rathúla a chinneadh i sealbhú teanga agus trasna an churaclaim ar fad.[26] Léiríonn torthaí na Cigireachta go bhfuil gá le soláthar BTB a shuíomh i gcroílár phróiseas féin-athbhreithnithe agus forbartha na scoile aonair. Tá gníomhúchán inmheánach scoile agus inniúlacht ceannaireachta ríthábhachtach sa chomhthéacs seo. Cuireann an **próiseas féinmheastóireacht scoile (FMS)** sraith uirlisí agus nósanna imeachta frithmhachnamhacha ar fáil do scoileanna agus ba cheart leas níos fearr a bhaint astu i scoileanna ina bhfuil riachtanais foghlama BTB agus folláine ag leanaí agus ag daoine óga. Tá saineolas phríomhoide na scoile agus baill foirne eile i bpoist cheannaireachta ríthábhachtach chun a chinntiú go n-úsáidtear FMS chun cúram agus eispéiris oideachais gach linbh agus duine óig a athrú ó bhonn.

### Acmhainn a fhorbairt don Mheasúnú agus do Shocrú Spriocanna

Ba theoranta rannpháirtíocht na  dtrí scoil is ochtó a raibh tacaíochtaí neamhtheagaisc ar fáil acu chun tacú le foghlaim an Bhéarla mar theanga bhreise. Ní raibh ach 37% de na

[26] Dutro, S, Moran, C. ‘Rethinking English Language Instruction: An Architectural Approach’. *English learners: Reaching the highest level of English literacy*, 227 (2003)

scoileanna tar éis rochtain a fháil ar thacaíocht *Oide* agus ghabh ocht gcinn déag de na trí scoil is ochtó go mór leis na hábhair tacaíochta a chuir CNCM ar fáil. Rud atá tábhachtach, chonaic cigirí úsáid an-éifeachtach acmhainní sna scoileanna sin a bhí i gcaidreamh le *Oide* nó a bhain leas as ábhair CNCM. Trí rochtain ar na hacmhainní atá ar fáil cuidítear le múinteoirí acmhainneacht a fhorbairt sna réimsí measúnaithe, socrú spriocanna agus teagaisc agus foghlama. Tacaíonn siad freisin le scoileanna timpeallachtaí atá oiriúnach agus freagrúil ó thaobh an chultúir de a fhorbairt a thacaíonn le cuir chuige eiticiúla i gcinnteoireacht scoile.

### Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí agus Plean Gníomhaíochta Cosán

Tá conclúidí na tuarascála seo ábhartha don Roinn Oideachais, don Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais agus do sholáthraithe Oideachas Tosaigh Múinteoirí (OTM), i gcomhthéacs tacú le forbairt leanúnach cúrsaí agus clár thar sholáthróirí OTM. Ba chóir go ndíreodh idirphlé straitéiseach ar na bealaí is fearr chun na hinniúlachtaí agus na scileanna a bheidh de dhíth orthu chun freastal ar riachtanais foghlama na bpobal scoile éagsúil atá inár gcóras scoile anois a thabhairt do mhúinteoirí ag tús gairme.

Beidh gá le tuilleadh rannpháirtíochta idir an Roinn Oideachais, An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE), an Chomhairle Mhúinteoireachta, na soláthraithe OTM, comhpháirtithe oideachais eile agus *Oide*, a chuimsíonn na seirbhísí tacaíochta gairmiúla do mhúinteoirí agus do scoileanna, le fócas láidir a chinntiú ar an tiomantas chun *Cosán*[27] a chur i bhfeidhm ar fud an chórais faoi 2027. Trí shoiléireacht agus comhleanúnachas a bhaint amach sa chreat foghlama gairmiúla do mhúinteoirí, cuideoidh sé go mór chun a chinntiú go mbeidh múinteoirí ag gach seomra ranga agus scoil a bhfuil an t-eolas, na scileanna, na hinniúlachtaí agus an fhís ghairmiúil acu chun tacú le gach foghlaimeoir, lena n-áirítear leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais foghlama BTB acu. Soláthraíonn Plean Gníomhaíochta *Cosán* an cúlra straitéiseach chun cuidiú leis seo tarlú.

### Tacaíocht dea-phleanáilte atá oiriúnaithe chun freastal ar riachtanais foghlama aonair

Ar an iomlán, tugann torthaí na gcigireachtaí seo le fios go bhfuil réimsí tábhachtacha le forbairt agus le feabhsú i ngnéithe den soláthar do leanaí agus do dhaoine óga atá ag foghlaim an Bhéarla mar theanga bhreise. Áirítear leo seo cleachtais mheasúnaithe, próisis socraithe spriocanna agus teagasc agus foghlaim i ranganna príomhshrutha agus tacaíochta. Teastaíonn tacaíocht dhea-phleanáilte atá curtha in oiriúint dá riachtanais teanga aonair ó leanaí agus daoine óga atá ag foghlaim an Bhéarla mar theanga bhreise d’fhonn páirt iomlán a ghlacadh i saol na scoile agus d’fhonn an leas is mó a bhaint as a gcuid oideachais.

---

[27] An creat náisiúnta a threoraíonn agus a thacaíonn le foghlaim ghairmiúil múinteoirí tar éis a n-ionduchtúcháin

**Beartas BTB do scoileanna a chuireann oideachas ar fáil trí mheán na Gaeilge**
Beidh ar an Roinn Oideachais dul i dteagmháil le CNCM agus leis an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) chun obair le scoileanna a chuireann oideachas ar fáil trí mheán na Gaeilge ar na cuir chuige teagaisc is éifeachtaí a chur i bhfeidhm chun freastal ar riachtanais teanga agus shochmhothúchánacha leanaí agus daoine óga atá ag foghlaim Béarla mar theanga bhreise. Beidh sé seo thar a bheith tábhachtach do leanaí agus do dhaoine óga, agus dá dteaghlaigh, atá ag freastal ar an nGaeloideachas faoi láthair agus nár roghnaigh a dtuismitheoirí an tsamhail oideachais seo dóibh. Mar chéad chéim chuige seo, d'fhéadfadh CNCM agus COGG araon, i gcomhar le Oide, machnamh a dhéanamh ar conas is féidir leo cuidiú le cleachtas éifeachtach BTB a bhailiú agus a chomhroinnt i nGaelscoileanna. Ba cheart soláthar éifeachtach BTB i nGaelscoileanna a chur san áireamh freisin sa pholasaí ar oideachas trí mheán na Gaeilge i scoileanna lasmuigh den Ghaeltacht atá á fhorbairt ag an Roinn faoi láthair.

## 6.2 I dtreo feabhsúcháin sa teagasc, sa mheasúnú agus sa leagan amach spriocanna d'fhoghlaim teanga chuimsitheach

Cé gur dhírigh na cigireachtaí ar sholáthar le haghaidh leanaí agus daoine óga a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu, tugann torthaí na meastóireachta léargas tábhachtach ar mheasúnú, ar theagasc agus ar fhoghlaim inár mbunscoileanna agus inár n-iar-bhunscoileanna. Go bunúsach, is éard atá i gceist le cleachtas éifeachtach le haghaidh leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais BTB acu timpeallacht a chruthú ina mothaíonn siad go bhfuil fáilte rompu agus go bhfuil luach orthu féin; measúnú a dhéanamh ar a gcuid riachtanas ag baint úsáid as cuir chuige mheasúnaithe bailí, spriocanna soiléire a aithint le haghaidh feabhsúcháin agus ansin cuir chuige éifeachtacha teagaisc a chur i bhfeidhm i dtimpeallacht chuimsitheach, arna chomhlánú ag tacaíocht, de réir mar is gá. Leis an gcur chuige seo tá bealach chun ár scoileanna a chur ag bogadh i dtreo a bheith ina bpobail scoile fíor-chuimsitheach ar féidir leo déileáil go rathúil leis na dúshláin atá ag teacht chun cinn i saol an lae inniu.

Tugann na tátail seo an dúshlán do lucht déanta beartas machnamh a dhéanamh ar na bealaí inar chóir an BTB a chur ar fáil. Má táimid chun bogadh chuig córas atá fíor-ionchuimsitheach, caithfidh ár gcur chuige maidir le hacmhainní agus tacaíocht a thabhairt do scoileanna a bheith ioncuimsitheach agus comhtháite.

Ar deireadh, tugann na tátail dúshlán dúinn a chinntiú go bhfaigheann na daoine sin inár gcóras leis an leibhéal is mó riachtanas an leibhéal is mó tacaíochta. Ag leibhéal an chórais, tá dualgas orainn a chinntiú go bhfuil rochtain ag ár scoileanna ar ionstraimí measúnaithe atá bailí agus cuí. Eascraíonn na moltaí thíos ó thátail na tuarascála seo; tá siad leagtha amach ar bhealach cumasaithe, ag súil le comhoibriú agus comhar ó neart comhpháirtithe oideachais chun críocha feabhsú an chórais a bhaint amach ar mhaithe le gach leanbh agus duine óg.

## A TIMPEALLACHTAÍ IONCHUIMSITHEACHA FÁILTEACHA AGUS CUMARSÁID ÉIFEACHTACH

Léiríonn torthaí agus conclúidí na tuarascála seo a thábhachtaí atá sé timpeallachtaí ionchuimsitheacha fáilteacha a sholáthar do phobail scoile agus don chóras oideachais agus cumarsáid éifeachtach a chinntiú do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil riachtanais BTB acu.

**Moltaí**

A-1 Braitheann cultúr scoile dearfach agus ionchuimsitheach a chothaíonn folláine na mball go léir ar rannpháirtíocht agus ionchuimsiú phobal na scoile uile agus braitheann sé ar cheannaireacht thuisceanach agus ar chuspóir roinnte ar fud phobal na scoile. Ba chóir go leanfadh pobail scoile ar aghaidh ag obair chun timpeallachtaí ionchuimsitheacha fáilteacha a chruthú agus a chothabháil, ina bhfuil meas oscailte, ceiliúradh agus luach ar an éagsúlacht. Má roghnaítear an fholláine mar fhócas dá FMS, trí leas a bhaint as an gCreat Cleachtais um Fholláine san Oideachas, is féidir tacú le scoileanna san obair seo.

A-2 Ba chóir go mbeadh cumarsáid éifeachtach trí bhealaí iolracha, ina léirítear comhthéacs idirchultúrtha níos leithne na scoile, mar thosaíocht ag gach pobal scoile. Tá gá le gníomhartha sonracha chun tógáil ar chumarsáid scoile an-mhaith agus chun feasacht iomlán na foirne ar éagsúlacht agus ar chomhthéacs cultúrtha níos leithne na scoile a chothú.

A-3 Ba chóir do scoileanna línte láidre cumarsáide a bhunú le tuismitheoirí a éascóidh tuiscint na dtuismitheoirí ar churaclam agus deiseanna foghlama na scoile, agus a sholáthróidh faisnéis agus comhairle a bhaineann le hoideachas agus le dul chun cinn a leanaí.

A-4 Éilíonn soláthar éifeachtach do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil BTB acu fís agus misean láidir atá tiomanta do chothromas deiseanna san oideachas a chinntiú agus tacú le gach leanbh agus duine óg a lánacmhainneacht a bhaint amach. Ba chóir do cheannairí córais agus scoile an deis a thapú teachtaireachtaí a chuireann in iúl an tábhacht a bhaineann le comhionannas, cothroime agus cinnteoireacht eiticiúil a atreisiú.

A-5 Fuarthas amach sna cigireachtaí go raibh struchtúir scoile uile a bhí go maith nó an-mhaith chun tacú le BTB ag beagnach 60% de na scoileanna. Bhí na struchtúir seo ní ba lú ná sásúil i mbeagnach 20% de na scoileanna. Ba chóir go spreagfadh an toradh seo gach duine i róil bhainistíochta scoile agus maoirseachta córais chun oibriú d'fhonn na bacainní a chuireann bac ar ionchuimsiú measúil leanaí agus daoine óga inár scoileanna agus ar fud an chórais oideachais a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu.

A-6 Ba chóir tacaíocht le haghaidh leanaí agus daoine óga a bhfuil an Béarla á fhoghlaim acu mar theanga bhreise a neadú laistigh de chreat Chontanam

Tacaíochta na Roinne. Samhail réiteach fadhbanna measúnaithe agus idirghabhála is ea an Contanam Tacaíochta a chuireann ar chumas scoileanna sonraí a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu chomh maith le pleanáil agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn gach linbh agus duine óig agus freagairt dá riachtanais. Cuirfidh úsáid chreat an Chontanaim Tacaíochta ar chumas scoileanna féachaint ar leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais BTB acu agus tacú leo go hiomlánaíoch. Soláthróidh sé chomh maith, bealach trína bhféadfaidh múinteoirí a chinntiú go mbíonn idirghabhálacha incriminteach; ag bogadh ó idirghabhálacha príomhshrutha, rang-bhunaithe le haghaidh leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais éadroma nó neamhbhuan acu, go tacaíochtaí níos déine agus níos aonair ag leibhéil tacaíochta scoile agus tacaíochta scoile móide.

## B CÓRAIS AGUS TACAÍOCHTAÍ DON TEANGA AGUS TORTHAÍ RATHA

Aibhsíonn an tuarascáil an luach a bhaineann le neart idirghabhálacha agus tacaíochtaí atá curtha ar fáil ag an Rialtas agus ag Ranna agus gníomhaireachtaí mar fhreagra ar riachtanais leanaí agus daoine óga a dteastaíonn tacaíochtaí BTB uathu ar fud an chórais oideachais. Ba chóir go dtacódh na moltaí thíos le ceannairí scoile agus córais chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí atá fós ann.

### Moltaí

B-1 Ba chóir go n-úsáidfeadh múinteoirí príomhshrutha agus múinteoirí ábhair níos mó cineálacha cur chuige teagaisc chun príomhtheanga a bhaineann go sonrach le hábhar a threisiú. Ba chóir do mhúinteoirí i róil tacaíochta idirghabhálacha atá nasctha go díreach leis an gcuraclam a phleanáil. Ba cheart go mbeadh na hidirghabhálacha seo ailínithe le spriocanna teanga an linbh nó an duine óig.

B-2 Cruthaíonn tacaíocht do theangacha baile torthaí oideachais níos fearr do leanaí agus do dhaoine óga agus bíonn tionchar dearfach aici ar an bhfolláine. Ba chóir do scoileanna cuir chuige scoile uile a chur i bhfeidhm chun tacú le teangacha baile leanaí agus daoine óga; agus ba chóir do mhúinteoirí ranga nó ábhair straitéisí teagaisc a chuireann leis seo a chur i bhfeidhm. Ba chóir go ndéanfadh seirbhísí tacaíochta *Oide*, TIÉ agus an Chigireacht an dea-chleachtas maidir teangacha baile a úsáid a chomhordú agus a scaipeadh ar fud na scoileanna go léir.

B-3 Cuireann an Coimisiún Eorpach an CET chun cinn mar chreat inchreidte agus comhleanúnach chun cur síos a dhéanamh ar leibhéil inniúlachta teanga. Tacaíonn sé seo le soghluaisteacht teanga agus cuireann sé bonn láidir ar fáil do sheachadadh éifeachtach idirghabhálacha agus measúnaithe d’fhoghlaim teangacha breise. Ba cheart do ranna agus gníomhaireachtaí tacú le suíomhanna fhoghlaim agus chúram na luathóige agus le scoileanna agus iad ag fiosrú conas is fearr measúnuithe atá ailínithe leis an CET a úsáid chun measúnuithe atá ailínithe leis na curaclaim a chomhlánú.

B-4 Ba chóir a shoiléiriú conas is fearr is féidir le Gaelscoileanna freastal ar riachtanais teanga agus shochmhothúchánacha na leanaí agus na ndaoine óga a dteastaíonn tacaíocht BTB uathu.

B-5 Tá saineolas ceannaireachta an bhoird bainistíochta agus phríomhoide na scoile, le tacaíocht ón bhfoireann i bpoist bhainistíochta, ríthábhachtach chun a chinntiú gur féidir le FMS claochlú a dhéanamh ar chúram agus ar eispéiris oideachais na leanaí agus na ndaoine óga uile. Tá gá le ceannaireacht éifeachtach chun soláthar BTB a leabú laistigh de nósanna imeachta féin-athbhreithnithe agus forbartha scoile. Ba chóir do cheannairí scoile úsáid a bhaint as na tacaíochtaí FMS ar fad atá ar fáil d'fhonn feabhsúcháin a threorú i dtaca le heispéireas scoile leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais BTB acu.

B-6 Go bunúsach, is cur chuige fianaise-bhunaithe é FMS a d'fhéadfadh torthaí agus eispéiris fheabhsaithe a chruthú go héifeachtach do leanaí agus daoine óga agus tacú le hachtú beartais ag leibhéal na scoile. Mar sin d'fhéadfadh ceannairí scoile, múinteoirí, pearsanra scoile eile, agus baill de phobal na scoile an próiseas sé chéim FMS a úsáid go fónta chun tacú le feabhsú na dtorthaí do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil riachtanais BTB acu. Ba chóir go gcuimseodh sé seo gníomhartha sonracha chun measúnú a dhéanamh ar na príomhscileanna sealbhaithe teanga, anailís ar shonraí measúnaithe, socrú spriocanna, roghnú idirghabhálacha atá dírithe ar fheabhsú agus monatóireacht agus athbhreithniú ar fheabhsúchán mar fhreagra ar idirghabhálacha.

B-7 Tugann cigireachtaí BTB na Cigireachta le fios go bhfuil gá le feabhsuithe ar chleachtais mheasúnaithe lena n-áirítear próisis socraithe spriocanna agus cuir chuige teagaisc agus foghlama don BTB i ranganna príomhshrutha agus tacaíochta. Teastaíonn tacaíocht dhea-phleanáilte ó leanaí agus daoine óga a bhfuil an Béarla á fhoghlaim acu mar theanga bhreise atá curtha in oiriúint chun freastal ar a riachtanais teanga aonair d'fhonn páirt iomlán a ghlacadh i saol na scoile agus d'fhonn an leas is mó a bhaint as a gcuid oideachais.

## C PRÓISIS TEAGAISC AGUS CLEACHTAIS RANGA BUNAITHE AR FHIANAISE

Cuimsíonn na comhthéacsanna foghlama le haghaidh leanaí agus daoine óga a bhfuil an Béarla á fhoghlaim acu mar theanga bhreise eispéiris foghlama sa seomra ranga agus deiseanna comhlántacha um theagasc tacaíochta aonair agus i ngrúpaí beaga.

### Moltaí

C-1 Is ábhar imní iad na cleachtais ní ba laige a aithníodh i roinnt scoileanna san athbhreithniú seo ar sholáthar BTB. Ba cheart do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí a chinntiú go n-úsáidtear cuir chuige teagaisc atá bunaithe ar thaighde chun clár oideachais éifeachtach agus timpeallacht foghlama a sholáthar chun tacú le leanaí agus le daoine óga atá ag foghlaim an Bhéarla mar theanga bhreise.

C–2 Tugann torthaí na gcigireachtaí le fios gur gné thábhachtach den chleachtas an-mhaith i scoileanna é an comhoibriú éifeachtach idir múinteoirí tacaíochta agus múinteoirí príomhshrutha chun riachtanais BTB a shásamh. Ba chóir do cheannairí scoile córais a chur ar bun chun cuidiú le múinteoirí oibriú le chéile go héifeachtach chun eispéiris foghlama lánbhríocha a phleanáil do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil riachtanais BTB acu. Soláthraítear le tacaíochtaí leibhéal a trí don FMS, mar atá leagtha amach i *bhFéinmheastóireacht Scoile: Na Chéad Chéimeanna Eile Meán Fómhair 2022 – Meitheamh 2026,* an creat idéalach chun tógáil ar chleachtas comhchoiteann múinteoirí agus chun comhoibriú a chothú idir scoileanna chun soláthar éifeachtach BTB a chinntiú.

C-3 Ba chóir do mhúinteoirí príomhshrutha agus ábhair cuir chuige teagaisc a úsáid a thugann deiseanna rialta do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil riachtanais BTB acu Béarla a labhairt i gceachtanna agus gabháil d’obair phiaraí le cainteoirí dúchais Béarla ina ngrúpaí ranga.

## D CUMAS MEASÚNAITHE A THÓGÁIL CHUN TACÚ LE TORTHAÍ BTB

Is é measúnú éifeachtach an chéad chéim chriticiúil chun cinneadh a dhéanamh ar na hidirghabhálacha is oiriúnaí chun tacú le leanaí agus daoine óga dul ar aghaidh go dtí na chéad chéimeanna eile de shealbhú teanga.

**Moltaí**

D-1 Ba cheart go leanfadh na páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear an CNCM, an Lárionad Taighde ar Oideachas (LTO), *Oide*, Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) agus ceannairí scoile agus córais den acmhainn córais níos fearr a thógáil sa réimse measúnaithe. Gan comhthuiscint ar dhea-phróisis mheasúnaithe, ní féidir le múinteoirí riachtanais foghlama teanga aonair a shainaithint i gceart agus ní féidir leo a gcuir chuige teagaisc a oiriúnú ná straitéisí foghlama a éascú chun freastal ar na riachtanais sin. Ba cheart gníomhartha sonracha forbartha acmhainne a ionchorprú i bplean gníomhaíochta chun tacú le feabhsú sa réimse measúnaithe.

D-2 Ba cheart An Pacáiste Measúnaithe do Bhunscoileanna agus An Pacáiste d’Uirlisí Measúnaithe Teanga agus Oiliúna na hÉireann d’iarbhunscoileanna a nuashonú agus a ailíniú níos dlúithe leis an gcuraclam. Ba cheart leas a bhaint as cúnamh an CNCM, an FTO agus an Comhairle Naisiúnta um Oideachais Speisialta (CNOS) san obair seo.

D-3 Ba chóir do cheannairí scoile a chinntiú go bhfaigheann múinteoirí atá freagrach as leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais BTB acu treoir shoiléir maidir le measúnú scileanna agus inniúlachtaí teanga agus i ndearadh ceachtanna agus idirghabhálacha spriocdhírithe chun cur ar chumas leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais BTB acu rochtain a fháil ar churaclam na scoile. Ba chóir go mbeadh sé seo mar thosaíocht forbartha gairmiúla ag aon scoil atá ag freastal ar riachtanais leanaí agus daoine óga.

## E FOGHLAIM GHAIRMIÚIL MÚINTEOIRÍ AGUS PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA COSÁN

Teastaíonn pleanáil shuntasach, comhordú acmhainní, tiomantas d'fhorbairt ghairmiúil múinteoirí agus córais mhonatóireachta éifeachtacha ag leibhéil scoile agus córais ó sholáthar BTB i suíomhanna Fhoghlaim agus Chúram na Luathóige agus i scoileanna. Soláthraítear le Plean Gníomhaíochta *Cosán* creat sármhaith chun foghlaim ghairmiúil múinteoirí a acmhainniú agus chun cumas múinteoirí a thógáil chun foghlaim sa seomra ranga a threorú agus chun cuir chuige nua a ghlacadh chun tacú le foghlaim leanaí agus daoine óga.

**Moltaí**

E-1 I roinnt suíomhanna BTB ní raibh ach teagmháil theoranta le seirbhís forbartha gairmiúla *Oide* agus ba bheag an glacadh le hábhair tacaíochta a chuir CNCM ar fáil. Bhí sé suntasach go raibh scoileanna a bhí i dteagmháil le *Oide*, nó a bhain leas as ábhair CNCM, ag baint úsáid an-éifeachtach as acmhainní agus as taithí na forbartha gairmiúla. Moltar do gach scoil leas a bhaint as na tacaíochtaí gairmiúla suntasacha atá ar fáil don BTB; lena n-áirítear tacaíochtaí a chuireann *Oide*, SNSO agus an CNOS ar fáil.

E-2 Faoi Phlean Gníomhaíochta *Cosán* de chuid na Comhairle Múinteoireachta, beidh tacaíocht shuntasach ag teastáil chun forbairt leanúnach cúrsaí agus clár thar sholáthróirí OTM a éascú. Ba chóir go ndíreodh idirphlé straitéiseach ar na bealaí is fearr chun na hinniúlachtaí agus na scileanna a bheidh de dhíth orthu chun freastal ar riachtanais foghlama na bpobal scoile an-éagsúil atá inár gcóras scoile anois a thabhairt do mhúinteoirí ag tús gairme.

E-3 Ba cheart do na comhpháirtithe oideachais go léir cur i bhfeidhm Phlean Gníomhaíochta *Cosán* a chur chun cinn ar fud an chórais faoi 2027. Má bhaintear soiléireacht agus comhleanúnachas amach sna creataí foghlama gairmiúla agus deiseanna do mhúinteoirí, cuideoidh sé go mór lena chinntiú go bhfuil múinteoirí ag gach seomra ranga agus scoil atá feistithe leis an eolas gairmiúil, na scileanna, na hinniúlachtaí agus an fhís chun tacú le gach foghlaimeoir, lena n-áirítear leanaí agus daoine óga atá ag foghlaim Béarla mar theanga bhreise. Soláthraíonn Plean Gníomhaíochta *Cosán* an cúlra straitéiseach chun é seo a dhéanamh.